# Cuntas Leithreasa 2020

## Vóta 26

## Oideachas

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 26, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Oideachais, ar sheirbhísí áirithe atá a riar ag an Oifig agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €137.912 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

***Aistriú feidhmeanna***

Bunaíodh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ar an 2 Lúnasa 2020 agus aistríodh feidhmeanna breisoideachais agus ardoideachais ón Roinn Oideachais le héifeacht ón 21 Deireadh Fómhair 2020. Roimh an gcinneadh na feidhmeanna sin a aistriú, cuireadh an Vóta don Oideachas agus Scileanna i láthair faoi thrí chlár caiteachais. Aistríodh dhá chlár caiteachais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta: clár B forbairt scileanna; agus clár C ardoideachas.

Is í an Roinn Oideachais atá freagrach as an gclár caiteachais don oideachas chéad leibhéil, don oideachas dara leibhéal agus don oideachas sna luathbhlianta go fóill.

Tá obair ar siúl in 2021 chun aghaidh a thabhairt ar aistriú na bhfeidhmeanna iarmharacha ón Roinn Oideachais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Samhlaítear go mbeidh forbairt reachtaíochta príomha i gceist sa dara céim den phróiseas aistrithe feidhmeanna.

Taispeántar an caiteachas iomlán do 2020 i ndáil leis an dá chlár a aistríodh chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta i gcuntas leithreasa an Vóta don Bhreisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht (Vóta 45).

Déantar na costais a bhaineann le trealamh agus troscán oifige agus le feistis ar sócmhainní seasta iad, a úsáideann Vóta 26 agus Vóta 45 araon, a thaifeadadh sa chuntas leithreasa seo. Tuairiscítear na sócmhainní i ráiteas Vóta 26 faoi shócmhainní caipitil. Cuireadh muirear dímheasa barúlach i bhfeidhm ar Vóta 45 faoi Nóta 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara chun úsáid na sócmhainní comhroinnte seo ag Vóta 45 a léiriú.

Tá Vóta 26 ag soláthar seirbhís chomhroinnte do Vóta 45 maidir le roinnt réimsí corparáideacha, lena n-áirítear AD, airgeadas, cóiríocht agus seirbhísí, iniúchóireacht agus TF. Gearradh muirear barúlach ar Vóta 45 faoi Nóta 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara chun na costais foirne is inchurtha i leith na seirbhíse comhroinnte a léiriú.

Tá meabhrán tuisceana á dhréachtú faoi láthair chun an socrú seo a chur ar bhonn foirmiúil idir an dá Roinn.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoinnítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais agus go gcuirtear i bhfeidhm sa Roinn é.

Feidhmítear an fhreagracht seo i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Lena chois sin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar aon earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Próiseas leanúnach is ea an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a choimeád agus coimeádtar an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go ndéantar na rialuithe cuí a fheidhmiú agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, an tuairisciú bainistíochta agus an iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm sa timpeallacht rialaithe.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ar a bhfuil an fhreagracht sannta as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm faoi mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá doiciméadú déanta ar na príomhphróisis ghnó ar fad.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe.

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann a bhfuil buiséad bliantúil aige a bhíonn faoi athbhreithniú leanúnach ag na hardbhainisteoirí

- go ndéanann na hardbhainisteoirí athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a nochtann feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa Roinn
- go bhfuil córais ann a fhéachann le slándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochtaí caipitil agus disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadal ann
- go ndéanann an Roinn cinnte de go bhfuil an fócas cuí ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

***Iniúchóireacht inmheánach, Iniúchadh ar Chiste Sóisialta na hEorpa agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn, rud ina bhfuil pearsana a bhfuil an oiliúint chuí orthu agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu bonn eolais faoin obair seo, agus is ar an anailís seo a bhíonn na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a fhaomhaim féin, bunaithe. Is é is cuspóir do na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar moltaí a dhéantar i dtuarascálacha iniúchta inmheánaigh a rianú le gur féidir leis an mbainistíocht iad a chur i bhfeidhm.

Rannóg laistigh den Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus AE is ea Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa agus tá sé neamhspleách ó thaobh feidhme agus oibríonn sé de réir a chairte scríofa féin, atá faofa agam. Tuairiscíonn sé don Choiste Iniúchóireachta agus don Choimisiún Eorpach maidir le seoladh a chláir iniúchóireachta a mhéid a bhaineann le ceanglais rialála an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh i dtaca le bainistíocht, rialú agus iniúchadh chistí Chiste Sóisialta na hEorpa in Éirinn.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Dearbhaím go ndéanann an Roinn cinnte de go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i gcúrsaí soláthair agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte soláthair ábhartha. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás ceithre chonradh (os cionn €25,000) arbh fhiú €476,884 san iomlán iad (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos.
- Dhá chonradh sa raon luacha €25,000 go €100,000 arbh fhiú €89,226 san iomlán iad i ngeall ar chonarthaí a bheith á dtabhairt ar aghaidh ar chúiseanna leanúnachais gnó ar feitheamh próiseas tairisceana a thabhairt chun críche.
- Dhá chonradh arbh fhiú €387,658 san iomlán iad sa raon luacha €100,000 go €250,000 mar ar cuireadh síneadh leis an gconradh ar chúiseanna práinneacha/leanúnachais gnó ar feitheamh próiseas tairisceana a thabhairt chun críche.

Tá athbhreithniú gníomhach á dhéanamh ar gach cás agus tá gníomh á dhéanamh nuair is féidir. Lena chois sin, tá an Roinn ag gabháil go réamhghníomhach don chlár um athchóiriú soláthair agus tá sí ag tapú na deise chun conarthaí agus creataí láraithe a úsáid nuair is cuí.

Chuir an Roinn sonraí na gconarthaí neamhiomaíocha ar fáil sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, trína n-aithnítear agus a dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a chuirtear i gcrích le díriú ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí ann a shonraíonn na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Roinn agus tá siad seo sonraithe, measta agus grádaithe de réir a thábhachtaí atá siad. Litrigh Síníonn ceann an aonaid ghnó na rioscaí agus tugann an ball den Bhord Bainistíochta atá freagrach as an réimse gnó sin ar aird iad. Tugann an clár sonraí maidir leis na rialuithe agus na gníomhartha a bhíonn ag teastáil le rioscaí a mhaolú agus úsáidtear an clár, in éineacht le próisis eile ábhartha, chun a chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú nó a mhaolú.

Ina theannta sin, tá Coiste Riosca ag an Roinn, a chabhraíonn liomsa agus leis an mBord Bainistíochta a bhfreagrachtaí bainistíochta riosca a chomhlíonadh. Tá roinnt feidhmeanna ag an gcoiste riosca, lena n-áirítear iad seo a leanas.

- beartas agus caighdeáin bainistíochta riosca a shainiú agus a chothabháil chun rioscaí corparáideacha a bhainistiú
- a chinntiú go ndéantar róil agus freagrachtaí as bainistíocht riosca a shainiú agus a chur in iúl go soiléir ar fud na Roinne
- athbhreithniú a dhéanamh ar rioscaí nua a bhfuil rátáil riosca mheánach (ómra) nó ard (dearg) acu agus na maoluithe beartaithe
- tuarascálacha tréimhsiúla a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta, ina ndéantar achoimre ar stádas an chláir bainistíochta riosca agus
- aird a tharraingt ar mhór-réimsí riosca (más ann dóibh).

Leagtar amach i gcreat rialachais na Roinne na nósanna imeachta, na próisis agus na prionsabail rialachais atá mar bhonn agus taca le hobair na Roinne. Bíonn sé faoi athbhreithniú i gcónaí.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur iúl go tráthúil do na daoine sin a bhfuil an fhreagracht orthu as gníomh ceartaitheach a dhéanamh; cuirtear seo in iúl do na bainisteoirí agus don Bhord Bainistíochta freisin, nuair is cuí. Dearbhaím go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha sonraithe agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na príomhrialuithe sin agus tuairisc a dhéanamh ar aon easnaimh a aithnítear.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Is é obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus obair na mbainisteoirí sinsearacha laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil atá mar bhonn leis an monatóireacht agus leis an athbhreithniú a dhéanann an Roinn ar a éifeachtaí atá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Slándáil TFC***

Tá tiomantas láidir ag an Roinn do shlándáil a córais TFC agus cuireann sí prótacail agus bearta cibearshlándála iomadúla i bhfeidhm, lena n-áirítear Feasacht Úsáideoirí, Slándáil Imlíne, Bogearraí chun Víris/Bogearraí Mailíseacha a Chosc, Scagadh Ríomhphoist agus Gréasáin, Paisteáil Córais, Polasaithe Bainistíochta Riosca, Measúnuithe Rialta ar Leochaileacht/Tástáil Treáite, Bainistíocht Gléasanna Soghluaiste, Bainistíocht Rochtana, Bainistíocht Teagmhas, Monatóireacht ar Theagmhais agus Imeachtaí Slándála, Rialachas Slándála Faisnéise, Feasacht GDPR, Aisghabháil Tubaiste, Cúltacaí As Líne, Bainistíocht Soláthraithe agus Criptiú.

Faigheann prótacail chibearshlándála na Roinne tacaíocht ó obair an Lárionaid Náisiúnta Chibearshlándála agus na Foirne Náisiúnta um Fhreagairt do Theagmhais Slándála Ríomhaireachta (CSIRT), a sholáthraíonn luathrabhaidh, foláirimh, fógraí agus scaipeadh faisnéise faoi riosca agus eachtraí don Roinn.

Faigheann an Roinn tacaíocht freisin ó shaineolas slándála ó eagraíochtaí slándála tríú páirtí iomadúla freisin. Tá cáilíochtaí slándála ag baill foirne TFC ábhartha agus tá socruithe slándála TFC faoi réir athbhreithnithe ón Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí.

***Paindéim Covid-19***

Mar thoradh ar Covid-19, ceanglaíodh ar fhoireann na Roinne oibriú ón mbaile go príomha ó lár Mhárta 2020. Rinne an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí measúnú ar thionchar Covid-19 ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus ar shlándáil mhóibíleach agus thug sé dearbhú réasúnach dom go bhfuil na rioscaí rialaithe airgeadais á mbainistiú go leordhóthanach. Ina theannta sin, ghéaraigh an t-aistriú chuig cianobair úsáid an doiciméadaithe leictreonaigh chun críocha rian iniúchta agus éifeachtúlachta oibre. Cuireadh torthaí na measúnuithe seo faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta ar an 24 Márta 2021.

***Saincheisteanna a bhaineann le rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí ar an rialú inmheánach airgeadais sa Roinn in 2020 ar ar lean caillteanas is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

***Seirbhísí comhroinnte párolla***

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18). Is é Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte atá freagrach as rialuithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte a oibriú.

Tá litir faighte agam ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, rud ina leagtar amach an dul chun cinn ar chur i bhfeidhm an phróisis dearbhaithe iniúchta, agus déantar torthaí na n-iniúchtaí ar dhearadh, leitheadúlacht agus oibriú na rialuithe a thuairisciú dom, mar atá leagtha amach sa litir sin.

Is foinse dearbhaithe dom é an córas rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte mar a thuairiscíonn an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dom.

***Rialachas corparáideach earnáil an oideachais***

Faoi Ionstraim Reachtúil 451 de 2020, aistríodh freagracht as seacht gcinn de na hocht gcomhlacht déag atá faoi choimirce na Roinne Oideachais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ón 21 Deireadh Fómhair 2020.

Déanann rannáin bheartais ábhartha laistigh den Roinn formhaoirseacht ar na comhlachtaí stáit atá fós faoi choimirce na Roinne Oideachais, a fhaigheann tacaíocht ó Rannáin ábhartha eile ar fud na Roinne, lena n-áirítear ó Aonad Rialachais Earnála na Roinne.

Is ar an mBord agus ar Chathaoirleach an Bhoird i dtrácht atá an cúram as sainordú agus feidhmeanna na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne a chomhlíonadh, ar an gcéad dul síos. Is gnách go mbíonn an caidreamh idir an Roinn agus na comhlachtaí atá faoina coimirce bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- bunús reachtach an chomhlachta, agus
- *An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit i gcomhar leis na hiarscríbhinní tacaíochta a ghabhann leis an gcód sin.

Le linn 2020, chuir an Roinn Oideachais próiseas athbhreithnithe foirmiúil i bhfeidhm, an Tuairisceán Dearbhaithe Comhlíonta (CAR), chun cuidiú leis an Roinn a dhearbhú faoina mhéid a chloíonn na comhlachtaí atá faoina coimirce agus a thagann faoina raon feidhme le croí-chomhpháirteanna Chód Cleachtais 2016. Thug an próiseas athbhreithnithe seo dearbhú freisin faoina mhéid atá na comhlachtaí atá faoina coimirce ag comhlíonadh na gceanglas rialachais agus reachtúil atá ag teacht chun cinn.

Úsáidtear an t-ábhar rialachais a bhailítear ó phróiseas an tuairisceáin dearbhaithe freisin chun cur ar chumas na Roinne breithniú eile a dhéanamh ar chláir oibre chuí rialachais a chuirfear ar fáil sna blianta amach romhainn. Tá sé i gceist go mbeidh an tuairisceán dearbhaithe mar ghné bhuan den chlár oibre formhaoirseachta rialachais a chuirfidh an Roinn i bhfeidhm go tráthrialta sna blianta amach anseo.

Leanann an Roinn de bheith ag obair leis na comhlachtaí atá faoina coimirce lena cinntiú go sásaítear na coinníollacha formhaoirseachta atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus go bhfuil comhaontuithe urrúnta soláthar feidhmíochta nó a gcoibhéis i bhfeidhm do gach comhlacht. De réir mar is cuí, oibríonn an Roinn leis na comhlachtaí atá faoina coimirce lena cinntiú gur aontaíodh agus gur doiciméadaíodh maoluithe a bhfuil teorainn ama leo nó maoluithe iomlána ó ghnéithe den Chód chun ceanglais “comhlíon nó mínigh” an chóid a shásamh.

Laistigh den mhórearnáil oideachais, tá cóid chleachtais earnála i bhfeidhm atá ailínithe le creataí rialála sonracha na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Tá ballraíocht ag an Roinn i gcónaí san Fhóram Rialachais do Sheirbhísigh Phoiblí agus do Státseirbhísigh go fóill. Is é an Foras Riaracháin a riarann an fóram, trína gcuirtear chun cinn dea-rialachas agus trína gcuirtear comhairle thráthúil agus tacaí eolais ar fáil don Roinn chun an dea-rialachas a bhreisiú agus mar chabhair d’fhorbairt ghairmiúil leanúnach fhoireann na Roinne.

***Athchóiriú na hearnála poiblí***

In 2020, lean an Roinn dá plean seirbhísí comhroinnte a chur i bhfeidhm, agus í ag imscrúdú na ndeiseanna atá ann do thionscnaimh seirbhísí comhroinnte ar fud na hearnála oideachais ar fad agus ag glacadh ról gníomhach i dtabhairt isteach na seirbhísí comhroinnte traidisiúnta ar fud na Státseirbhíse. Seo na príomhthionscadail a ndearnadh dul chun cinn orthu in 2020.

- **Seirbhísí comhroinnte párolla don earnáil bord oideachais agus oiliúna:** Amhail Meán Fómhair 2021, tá naoi gcinn as na sé cinn déag de bhoird oideachais agus oiliúna ag fáil seirbhísí párolla agus ceithre sheirbhís taistil agus cothaithe anois ón Ionad Seirbhísí Comhroinnte. Meastar go leanfar le cur i bhfeidhm na seirbhísí ó thús deireadh 2021, agus dhá bhord eile ag fáil seirbhísí párolla in 2021. Aistreofar na boird deiridh chuig seirbhísí comhroinnte le linn 2022 agus i ráithe 1 de 2023.

- **Seirbhísí comhroinnte airgeadais don earnáil bord oideachais agus oiliúna:** Ní raibh aon toradh ann ar an iarracht soláthair phoiblí réiteach bogearraí a fháil chun tacú leis an tionscnamh seo i ráithe 2 de 2020. Ina dhiaidh sin, chobhsaigh an fhoireann na bogearraí do shé bhord agus tá siad ag comhdhlúthú na mbord eile ar an ardán sin. Tá siad tar éis filleadh ar an margadh agus é i gceist acu soláthar poiblí nua a fhoilsiú in 2021. Tá na dátaí chun seirbhísí comhroinnte a dhearadh, a chur i bhfeidhm agus a chur ar fáil faoi athbhreithniú i láthair na huaire.

- **Tionscnamh seirbhísí comhroinnte párolla le haghaidh fostaithe scoile:** In 2020, leanadh den teagmháil fhorleathan leis an margadh agus chuir soláthraithe faisnéis shuntasach ar a mbealaí forbartha táirgí ar fáil, a chuidigh leis na riachtanais theicniúla don tionscadal seo a threorú. Meastar go ndéanfar na sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla a fhorbairt go hiomlán go luath in 2021, ag súil le hiad a chur ar an margadh faoi ráithe 4 de 2021.

- **Samhail na hOifige um Sholáthar Rialtais:** Rinneadh pleanáil chorparáideach soláthair agus pleananna ilbhliantúla soláthair eile san earnáil bord oideachais agus oiliúna a fhorbairt tuilleadh in 2020 chun tacú le samhail na hOifige um Sholáthar Rialtais. Ghabh an obair seo eolas úsáideach réamhaisnéise a thiomáinfidh an t-éileamh ar chreataí agus ar chonarthaí ar leibhéal lárnach chun dúshláin maidir le comhlíonadh a réiteach le himeacht aimsire.

I dteannta na seirbhísí thuas, soláthraíonn clár seirbhísí comhroinnte na Roinne seirbhísí don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, lena n-áirítear soláthar seirbhísí párolla do phrintísigh agus d'fhoghlaimeoirí do bhoird oideachais agus oiliúna agus soláthar seirbhísí AD/párolla do thionscadail sheirbhísí comhroinnte na hearnála ardoideachais.

**Seán Ó Foghlú**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais

17 Meán Fómhair 2021

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 26 Oideachas

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 26 Oideachas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 26 Oideachas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Oideachas agus tá na freagrachtaí eile atá orm ó thaobh eitice de de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, tá cur síos déanta orthu sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Méan Fómhair 2021

## Vóta 26 Oideachas

# Cuntas Leithreasa 2020

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Oideachas chéad leibhéil, oideachas dara leibhéal agus oideachas sna luathbhlianta | 8,710,485 | 8,595,589 | 8,244,663 |
| | *Forbairt Scileanna* | — | — | *432,548* |
| | *Ardoideachas* | — | — | *1,696,203* |
| **Ollchaiteachas** | | **8,710,485** | **8,595,589** | **10,373,414** |
| | *Lúide* | | | |
| | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **331,931** | **354,947** | **511,021** |
| **Glanchaiteachas** | | **8,378,554** | **8,240,642** | **9,862,393** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Farasbarr le géilleadh** | **137,911,743** | **6,263,475** |

**Seán Ó Foghlú**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais

17 Meán Fómhair 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 8,496,735 | 10,272,045 |
| Pá | | 83,036 | 83,193 |
| Neamhphá | | 15,818 | 18,176 |
| **Ollchaiteachas** | | **8,595,589** | **10,373,414** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **354,947** | **511,021** |
| **Glanchaiteachas** | | **8,240,642** | **9,862,393** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (97,589) | | |
| Dímheas | 1,668 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt | 4 | (95,917) | (160,359) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | 1,092 | | |
| Laghdú ar stoc | 4 | 1,096 | 13,861 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **8,145,821** | **9,715,895** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 23,799 | 28,198 |
| Measchíosanna | | 3,221 | 3,667 |
| **Glanchostas an chláir** | | **8,172,841** | **9,747,760** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 26 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí a soláthraíodh do Vóta 45.

| | | 2020 [a] | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 127 | 169 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 22,088 | 24,123 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí [b] | 3,079 | 3,516 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 150 | 148 |
| An Príomh Chiste - pinsin na nAirí | | 238 | 242 |
| Costas leithscartha na seirbhísí comhroinnte do Vóta 45 | | (1,883) | — |
| | | **23,799** | **28,198** |

Nótaí

[a] Ní áirítear ar na glanfhigiúirí do chaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara in 2020 figiúirí maidir le comhlachtaí nó gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne. Sannadh an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara go díreach don Vóta agus, nuair nach raibh sé sin indéanta, rinneadh é a chionroinnt bunaithe ar leithdháileadh comhaontaithe costas idir Vóta 26 agus Vóta 45 araon.

[b] Rinneadh figiúirí 2019 a athlua chun glanchaiteachas €646,000 ar sheirbhísí gaolmhara a bhaint i leith réadmhaoine atá á n-áitiú ag comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus a mhaoinítear ó Vóta 26.

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 285,994 | 279,536 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 148,319 | 87,014 |
| Stoic | | 80 | 84 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 17,162 | 18,888 |
| Ró-íocaíochtaí atá le forchúiteamh | 5.5 | 7,168 | 6,956 |
| Costais iasachta atá le forchúiteamh | | 611 | 415 |
| Suimeanna atá dlite ó AE | | 10 | 17 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 3,399 | 33,454 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,986 | 5,517 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **178,735** | **152,345** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 33,795 | 41,854 |
| Forchúiteamh tuarastal maidir le ranna agus gníomhaireachtaí eile | | 48 | 78 |
| Airgead ó AE le dáileadh | | 1 | 196 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 151,216 | 119,113 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 511 | 1,176 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **185,571** | **162,417** |
| **Glansócmhainní reatha** | | (6,836) | (10,072) |
| **Glansócmhainní** | | **279,158** | **269,464** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **279,158** | **269,464** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Tailte agus foirgnimh | Troscán agus feistis | Troscán oifige | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 161,928 | 7,097 | 23,391 | 112,717 | 305,133 |
| Breiseanna | 50,233 | — | 1,375 | 47,314 | 98,922 |
| Sócmhainní a cuireadh in úsáid | 71,747 | — | 1,012 | (72,759) | — |
| Diúscairtí | (80,088) | (3) | (297) | — | (80,388) |
| Coigeartú [a] | 905 | (54) | (124) | (11,609) | (10,882) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 204,725 | 7,040 | 25,357 | 75,663 | 312,785 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | — | 6,733 | 18,864 | — | 25,597 |
| Dímheas don bhliain | — | 40 | 1,628 | — | 1,668 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (3) | (293) | — | (296) |
| Coigeartuithe | — | (54) | (124) | | (178) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | — | 6,716 | 20,075 | — | 26,791 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **204,725** | **324** | **5,282** | **75,663** | **285,994** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 161,928 | 364 | 4,527 | 112,717 | 279,536 |

Nóta [a] In 2020, rinne an Roinn athbhreithniú ar shócmhainní agus, mar thoradh air sin, rinneadh glanchoigeartú €10.882 milliún, a chuimsigh coigeartú €11.609 milliún ar chaiteachas ar shócmhainní a bhí á bhforbairt ó bhlianta roimhe seo agus cuireadh luachálacha na dtrí shuíomh Sásaimh (€905,000) a áiríodh i gclár talún 2019 agus a críochnaíodh le linn 2020 san áireamh. Ina theannta sin, baineadh sócmhainní troscáin agus feisteas (€54,000) agus sócmhainní trealaimh oifige (€124,000) den chlár.

**Nóta ginearálta faisnéise**

Níl aon tailte ná aon fhoirgnimh ar leis an Stát iad agus a rialaíonn an Roinn Oideachais nach bhfuil luacháil curtha orthu. Is mar seo a leanas a rialaítear agus a bhainistítear tailte agus foirgnimh ar leis an Roinn iad.

**1 Aistriú foirgneamh scoile 2020**

Caitheann an Roinn le haistriú rialaithe sócmhainne chuig údarás scoile mar dhiúscairt chun críocha cuntasaíochta sa chuntas seo. Ní aistrítear an úinéireacht. Liostaítear na réadmhaoine scoile, nó na codanna díobh, a aistríodh i gcaitheamh 2020 sa tábla thíos.

| **Ainm na scoile** | **Luacháil** [a] |
|---|---|
| | **€000** |
| Gaelscoil an Ghoirt Álainn, Co. Chorcaí | 6,844 |
| Coláiste Bhaile Chláir, Co. na Gaillimhe | 8,987 |
| Pobalcholáiste Shoird, Co. Bhaile Átha Cliath | 29,988 |
| Coláiste an Chláirín, Co. na Gaillimhe | 24,273 |
| Gaelscoil Chill Mhantáin agus Naomh Coen | 9,996 |
| **Iomlán** | **80,088** |

Nóta [a] Áiríodh ar an bhfigiúr iomlán do dhiúscairtí teicniúla costas an láithreáin ar a bhfuil an scoil tógtha agus na costais iarbhír a tabhaíodh chun an scoil a chur sa riocht ina bhfuil sé anois, lena n-áirítear fabhrú le haghaidh oibreacha a críochnaíodh in 2020 agus nár íocadh astu go fóill agus le haghaidh airgead coinneála.

**2 An leibhéal bunscoile**

Bhí 3,241 bhunscoil i mbun oibre ag an 31 Nollaig 2020. Scoileanna sainchreidmheacha is ea a bhformhór, agus iad faoi úinéireacht an údaráis deoise lena mbaineann. Seo iad na heisceachtaí.

- Is leis an Aire Oideachais láithreáin le haghaidh 38 gcinn d'iar-bhunscoileanna, agus iad á rialú/á mbainistiú aici.
- I gcás 154 scoil, tá na scoileanna ag oibriú ar láithreáin nó i bhfoirgnimh atá faoi úinéireacht nó faoi léas ag an Roinn ach tá an scoil á rialú/á bainistiú ag Bord Bainistíochta. Tá 16 scoil i gcóiríocht shealadach nó bhuan ar láithreáin nach leis an Roinn.

**3 An leibhéal iar-bhunscoile**

730 iar-bhunscoil atá sa tír. Tá 363 cinn díobh sin faoi úinéireacht phríobháideach. Oibrítear gach ceann eile mar seo a leanas.

- Is leis an Aire Oideachais 14 scoil chuimsitheacha, 82 phobalscoil agus 20 meánscoil, agus iad á rialú/á mbainistiú ag Boird Bhainistíochta.
- Tá 251 iar-bhunscoil dílsithe go príomha do Bhoird Oideachais agus Oiliúna faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá 26 cinn de na scoileanna seo faoi úinéireacht an Aire Oideachais.
- Is leis an Aire Oideachais láithreáin le haghaidh 25 iar-bhunscoil, agus iad á rialú/á mbainistiú aici.

**4 Eile**

Tar éis achtú Acht na Leanaí 2001, is é an t-aon cheist gan freagra a bhaineann le haon ionad coinneála leanaí amháin ná an fógra a thug Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) don Údarás Clárúcháin Maoine maidir le hathrú úinéireachta réadmhaoin na scoile ón Aire Oideachas go Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach). D'ordaigh an Roinn do OPAS an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chur ar an eolas faoin athrú úinéireachta. Ní áirítear an réadmhaoin seo mar shócmhainn i Nóta 2.1 thuas de bhrí nach bhfuil an réadmhaoin faoi rialú an Aire, ach faoi rialú údarás na hinstitiúide féin.

Tá an tAire ar dhuine de bheirt ráthóirí do Middletown Centre for Autism (Holdings) Limited, cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, ar léi, agus a shealbhaíonn, réadmhaoin i gCo. Ard Mhacha a úsáidtear le haghaidh Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 147,814 | 86,914 |
| Iarmhéideanna cuntais bhainc thráchtála | 502 | 97 |
| Mionairgead | 3 | 3 |
| | **148,319** | **87,014** |

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|
| Réamhíocaíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge [a] | — | 8,729 |
| Réamhíocaíocht le Bus Éireann – iompar scoile | 8,905 | 422 |
| Réamhíocaíocht le Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 2,038 | 2.042 |
| Tacaíocht TF agus conarthaí ceadúnaithe | 1,409 | 1,480 |
| Cíos do chóiríocht shealadach scoile | 1,257 | 3,322 |
| Conarthaí leathanbhanda scoile | 683 | 586 |
| Eile | 2,870 | 2,307 |
| | **17,162** | **18,888** |

Nóta [a] Aistríodh an réamhíocaíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge go Vóta 45.

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí | 21 | 16 |
| Suimeanna atá dlite ón gCuntas Speisialta um Shásamh | 49 | 288 |
| Párolla ar fionraí | 216 | 31,137 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 61 | 49 |
| Clár Fuinnimh Foirgnimh | 2,545 | — |
| Scéim pasanna taistil | 60 | 342 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 130 | 88 |
| Clár Leathanbhanda na Scoileanna | 250 | 1,440 |
| Forchúiteamh costas oifigí comhroinnte | 64 | 64 |
| Íocaíochtaí anonn aoisliúntais | 3 | 3 |
| Réamhíocaíochtaí taistil agus cothaithe | — | 4 |
| Ilghnéitheach | — | 23 |
| | **3,399** | **33,454** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 75,808 | 65,203 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 51,442 | 35,121 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 14,502 | 10,835 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 295 | 283 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 792 | 1,452 |
| Cáin bhreisluacha | 2,381 | 5,078 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 51 | 56 |
| | 145,271 | 118,028 |
| | | |
| Aistriú feidhmeanna | 3,684 | — |
| Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí | 1,320 | 385 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 1 | 2 |
| Iontaobhais oideachais le dáileadh | — | 39 |
| Clár Fuinnimh Foirgnimh | — | 504 |
| Fáltais bhreise Státchiste | — | 155 |
| Párolla ar fionraí | 422 | — |
| Ilghnéitheach | 518 | — |
| | **151,216** | **119,113** |

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 137,912 | 6,264 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (137,401) | (5,088) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **511** | **1,176** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 148,319 | 87,014 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 3,399 | 33,454 |
| Suimeanna atá dlite ó AE | 10 | 17 |
| | 151,728 | 120,485 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (145,271) | (118,028) |
| Airgead ó AE le dáileadh | (1) | (196) |
| Iarmhéideanna sochair eile | (5,945) | (1,085) |
| | (151,217) | (119,309) |
| | **511** | **1,176** |

## 2.7 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 269,464 | 237,569 |
| Eisíocaíochtaí ó sholáthar meastacháin an Vóta | Cuntas | 8,378,554 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (137,912) | | |
| Glanvóta | | | 8,240,642 | 9,862,393 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 23,799 | 28,198 |
| Caiteachas neamhairgid - sócmhainní caipitil [a] | 1 | | (85,127) | (114,603) |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 3,221 | 3,667 |
| Glanchostas an chláir | | | (8,172,841) | (9,747,760) |
| **Iarmhéid ag an 31 Eanáir** | | | **279,158** | **269,464** |

| Nóta [a] | Cuimsíonn na míreanna neamhairgid | **€000** |
|---|---|---|
| | • Cóireáil chuntasaíochta chun sócmhainní tógála a dhiúscairt | (80,088) |
| | • Athlua (laghdú) ar iomlán na sócmhainní caipitil atá á bhforbairt tar éis athbhreithniú chun caiteachas roimh 2020 a bhaint | (11,609) |
| | • Glanlaghdú ar fhabhruithe caipitil | 4,332 |
| | • Costas sócmhainní a áiríodh mar bhreiseanna i gclár sócmhainní 2020 ach nár íocadh astu go dtí 2021 | 1,333 |
| | • Luacháil trí cinn de réadmhaoine sásaimh | 905 |
| | | **(85,127)** |

## 2.8 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 7,123 | 7,787 |
| Cláir deontas neamhchaipitil [a] | 2,140,604 | 3,968,087 |
| Cláir deontas caipitil [b] | 500 | 110,100 |
| Tionscadail chaipitil [c] | 310,792 | 335,588 |
| Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí | 1,107,272 | 1,941,499 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **3,566,291** | **6,363,061** |

| **Cláir deontas neamhchaipitil** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh [d] | 1,953,710 | 3,878,593 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (1,893,382) | (3,900,481) |
| Ceangaltais nua deontais de réir imleabhar meastachán 2021 | 2,140,604 | 3,968,087 |
| (Glan-tearc-chaitheamh deontais)/Glan-róchaitheamh deontais | (60,328) | 21,888 |
| **Iarmhéid deiridh** | **2,140,604** | **3,968,087** |

| **Cláir deontas caipitil** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh [d] | 100,500 | 111,100 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (99,843) | (110,626) |
| Ceangaltais nua deontais de réir imleabhar meastachán 2021 | 500 | 110,100 |
| Glan-dheontas (gannchaiteachas) | (657) | (474) |
| **Iarmhéid deiridh** | **500** | **110,100** |

Nóta

[a] Áirítear ar chláir deontas neamhchaipitil deontais a íocfar le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus le heagraíochtaí eile, lena n-áirítear scoileanna, chun caiteachas reatha, pá san áireamh, a mhaoiniú.

[b] Baineann na cláir deontas caipitil le deontais a íocfar le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne maidir le gach tionscadal caipitil, lena n-áirítear boird oideachais agus oiliúna.

[c] Is ionann tionscadail chaipitil agus tionscadail a ndéanann an Roinn féin iad a bhainistiú agus a mhaoirsiú.

[d] Léiríonn iarmhéideanna tosaigh 2020 do chláir deontas neamhchaipitil agus caipitil na ceangaltais a bhaineann leis na feidhmeanna a d'fhan faoi Vóta 26 tar éis feidhmeanna a aistriú ón Roinn Oideachais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Leasaíodh na hiarmhéideanna tosaigh chun athruithe a d’eascair as *Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe Breise* a foilsíodh i mí na Samhna 2020 a léiriú.

**Mórthionscadail chaipitil**

**Tionscadail chaipitil a bhfuil caiteachas iomlán €10 milliún nó níos mó i gceist leo**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna (fo-mhírcheann A.15) | **726,076** | **153,099** | **178,698** | **1,057,873** | **906,812** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tá sceideal na mórcheangaltas caipitil a bhfuil caiteachas €10 milliún nó níos mó i gceist leo ar fáil in Aguisín B, mar aon le míniú ar chásanna inar mhéadaigh/laghdaigh an caiteachas iomlán réamh-mheasta faoi bhreis is €500,000 idir 2019 agus 2020.

**Íocaíochtaí aonadacha i dtaca le tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

Go dtí seo, tá an Roinn tar éis sé chonradh ar leith a dhéanamh chun beartáin scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú faoi shamhail na comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP). Socruithe struchtúrtha is ea CPPanna idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí ar mhaithe le tionscadail bhonneagair a sholáthar a chuirfí ar fáil, murach iad, trí shásraí traidisiúnta soláthair, agus an caiteachas gaolmhar tógála ar fad le híoc roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm muirear aonadach míosúil thar 25 bliana, agus bíonn an chéad mhuirear aonadach iníoctha a luaithe a bhíonn an tógáil críochnaithe. Le cois an tábla thíos, gheofar achoimre ghairid ar gach tionscadal CPP in Aguisín C.

| Ainm an tionscadail CPP | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 [a] | Ceangaltais is infhorfheidhmithe le dlí le comhlíonadh i mblianta dá éis | Iomlán an tionscadail 2020 | Iomlán an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Cúig threoirscoil | 193,775 | 10,861 | 77,586 | 282,222 | 283,048 |
| 1ú beartán | 91,024 | 9,138 | 141,590 | 241,752 | 243,491 |
| 2ú beartán | 112,476 | 11,791 | 203,360 | 327,627 | 336,263 |
| 3ú beartán | 100,043 | 14,839 | 291,166 | 406,048 | 408,612 |
| 4ú beartán | 36,614 | 7,489 | 163,012 | 207,115 | 208,959 |
| 5ú beartán | 15,888 | 8,098 | 230,558 | 254,544 | 258,580 |
| | **549,820** | **62,216** | **1,107,272** | **1,719,308** | **1,738,953** |

Nóta [a] Léiríonn an caiteachas ag deireadh 2020 íocaíochtaí caipitil amháin, e.g., muirir aonadacha. Tá an caiteachas sa tábla thuas san áireamh sa toradh foriomlán ar fho-mhírcheann A.16, mar atá €65.422 milliún. Áirítear ar an bhfo-mhírcheann seo íocaíochtaí áirithe deontais do scoileanna arna soláthar ag CPP.

**Difríochtaí suntasacha i gcostais tionscadail CPP**

Tugtar míniú thíos ar chásanna inar mhéadaigh/laghdaigh an caiteachas iomlán réamh-mheasta faoi bhreis is €500,000 ó 2019 go 2020.

*Innéacsú*

Íocann an Roinn íocaíochtaí míosúla muirir aonadaigh leis an gcuideachta CPP lena mbaineann maidir le gach tionscadal oibríochtúil CPP. Dhá mhír atá san íocaíocht muirir aonadaigh, mír an chostais sheasta agus mír inathraithe (innéacsaithe) a athraíonn ar aon dul leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí Uile-Mhíre. Sonraítear dáta athbhreithnithe innéacsaithe i ngach conradh. Tar éis an fachtóir innéacsaithe a chinneadh, ríomhtar an muirear aonadach bliantúil trí na luachanna seasta agus na luachanna inathraithe coigeartaithe a shuimiú.

*Athmhaoiniú*

Is féidir maoiniú tionscadail CPP a athmhaoiniú, le toiliú na Roinne, le linn chéim na tógála nó ina diaidh. Comhroinntear an ghnóthachtáil ón athmhaoiniú idir an chuideachta CPP agus an Roinn faoi théarmaí atá leagtha amach sa Chomhaontú Tionscadail CPP. Rinneadh athmhaoiniú ar bheartán scoileanna 4 i Nollaig 2018, ar bheartán scoileanna 3 in Eanáir 2019 agus ar bheartán scoileanna 2 i Nollaig 2020.

*Beartán na gcúig threoirscoil*

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le chomh maith le hathbhreithniú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €826,000 ar chostais idir 2019 agus 2020.

*Beartán scoileanna 1*

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le hathbhreithniú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €1.739 milliún ar chostais idir 2019 agus 2020.

*Beartán scoileanna 2*

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le hathmhaoiniú bheartán scoileanna 2 i Nollaig 2020 is cúis leis an laghdú €8.636 milliún ar chostais idir 2019 agus 2020.

*Beartán scoileanna 3*

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le chomh maith le hathbhreithniú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €2.564 milliún ar chostais idir 2019 agus 2020.

*Beartán scoileanna 4*

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le chomh maith le hathbhreithniú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €1.844 milliún ar chostais idir 2019 agus 2020.

*Beartán scoileanna 5*

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le hathbhreithniú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €4.036 milliún ar chostais idir 2019 agus 2020.

**Leachtú agus scrúdaitheoireacht 2020**

D'éirigh le gach ceann de na tionscadail tógála seachas ceann amháin a ndearna an leachtú agus/nó an scrúdaitheoireacht ag Carillion agus ag trí chonraitheoir eile difear dóibh críochnú substaintiúil a bhaint amach in 2020 in ainneoin na ndúshlán a bhain le hoibriú i dtimpeallacht Covid-19. Meastar go gcríochnófar an tionscadal eile i ráithe 2 de 2021.

**Caiteachas ar áitribh shealadacha scoile a ghlacadh ar cíos**

I rith 2020, chuimsigh caiteachas faoi fho-mhírcheann A.15.3 suimeanna arbh fhiú €29.4 milliún san iomlán iad maidir le háitribh shealadacha scoile a ghlacadh ar cíos (2019: €29.5 milliún).

## 2.9 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | 8,479 | 3,806 |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

**Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin**

D'fhéadfadh dliteanas pinsin arbh fhiú thart ar €480,000 é amhail deireadh 2020 (2019: €335,000) teacht chun cinn maidir le comhaontú idir Scéim Pinsean Rialtais Áitiúil na Roinne Oideachais do Thuaisceart Éireann agus an Roinn Oideachais. Sa chomhaontú, dar dáta an 16 Samhain 2007, ráthaigh na Ranna go ndéanfaidís íocaíocht iomlán ar aon dliteanais phinsin de chuid Ionad Middletown for Autism Ltd i gcás go scoirfidh an tIonad de bheith ann nó nach mbeidh sé ábalta a chuid dliteanas pinsin a chomhlíonadh ar shlí eile. Tá an tIonad i mbun oibre go fóill agus níltear ag dréim leis go dtiocfaidh an dliteanas seo chun cinn go gairid.

**Dlíthíocht maidir le hArdteistiméireacht 2020 agus gráid ríofa**

Ag deireadh na bliana 2020, bhí os cionn 60 tacar imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar bun maidir le hábhair a d’eascair as Ardteistiméireacht 2020. Rinneadh an cás tosaigh maidir le hagóidí in aghaidh an phróisis chaighdeánaithe náisiúnta maidir le scéim na ngrád ríofa a éisteacht ag deireadh na bliana. Thug an Ard-Chúirt a breithiúnas sa chás seo go luath i mí an Mhárta 2021 agus d’fhéadfadh an t-ábhar a bheith ina ábhar d’achomharc go fóill. Bhí dhá chás eile a chinn an Ard-Chúirt in 2020 ina n-ábhair d’achomhairc chun na Cúirte Achomhairc ag deireadh na bliana. Tabhófar caiteachas suntasach ar chostais dlí in 2021, ag eascairt as dlíthíocht a tionscnaíodh in 2020 sa réimse seo. Ní féidir an caiteachas a chainníochtú ag an am seo go dtí go bhfaighfear na torthaí deiridh sna cásanna faoi seach.

**An clár feabhsúcháin scoileanna**

Leanann an Roinn le himeachtaí dlíthiúla a shaothrú maidir le heasnaimh struchtúrtha ar thángthas orthu sna scoileanna a thóg Western Building Systems. Tá maoiniú curtha ar fáil ag an Roinn chun bearta feabhsúcháin a dhéanamh sna scoileanna seo.

In 2018, nocht measúnú go raibh obair feabhsúcháin de dhíth ar 40 scoil i ngeall ar easnamh struchtúrtha a tugadh faoi deara. Rinneadh an obair feabhsúcháin sna scoileanna seo ionas go bhféadfaí deireadh a chur le formhór na mbeart réamhchúraim. Leanann an Roinn leis an obair feabhsúcháin riachtanach a dhéanamh de réir a chéile sna scoileanna atá fágtha.

Íocadh costais na bhfeabhsúchán as soláthar teagmhasach laistigh den bhuiséad caipitil.

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuireadh caiteachas riaracháin do 2020 san áireamh mar chuid de chlár A. Rinneadh caiteachas riaracháin do 2019 a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 59,221 | 63,906 | 65,570 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,630 | 657 | 2,056 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,510 | 1,620 | 1,837 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,907 | 2,404 | 2,724 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 8,084 | 7,717 | 7,100 |
| vi | Costais áitribh oifige | 1,388 | 1,351 | 1,492 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile | 114 | — | — |
| viii | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | 22,117 | 21,198 | 20,590 |
| | | **95,971** | **98,853** | **101,369** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugann sé breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €1.63 milliún; toradh €657,000*

Leis an laghdú ar thaisteal eachtrach agus baile ar ghnó oifigiúil na Roinne mar thoradh díreach ar phaindéim Covid-19 a bhain an laghdú €973,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €1.907 milliún; toradh €2.404 milliún*

Tharla an laghdú €497,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar na modhanna cionroinnte pro rata a cuireadh i bhfeidhm ar leithdháiltí maidir leis an aistriú feidhmeanna chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €114,000; toradh €nialas*

Tá an leithdháileadh seo ceaptha le costais chomhairleoireachta a chlúdach d'aonaid ghnó nach bhfuil a mbuiséad féin acu don chineál caiteachais seo. Ní raibh aon ghá ann in 2020 le hairgead a tharraingt ón bhfo-mhírcheann seo.

## Clár A – Oideachas Chéad Leibhéil, Oideachas Dara Leibhéal agus Oideachas sna Luathbhlianta

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 79,326 | 83,036 | 72,778 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 16,645 | 15,817 | 15,761 |
| A.3 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do bhunmhúinteoirí | 2,617,895 | 2,603,395 | 2,511,757 |
| A.4 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do mhúinteoirí meánscoile, scoile cuimsithí agus pobalscoile | 1,449,242 | 1,432,071 | 1,331,603 |
| A.5 | Deontais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna i ndáil le tuarastail mhúinteoirí na mBord | 632,789 | 628,141 | 727,743 |
| A.6 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do chúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | 619,054 | 613,725 | 564,665 |
| A.7 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do bhaill foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a chur san áireamh) | 113,917 | 112,036 | 108,810 |
| A.8 | Aoisliúntas, etc., i ndáil le baill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc | 1,271,288 | 1,250,804 | 1,233,319 |
| A.9 | Seirbhísí iompair scoile | 245,669 | 224,791 | 219,200 |
| A.10 | Deontais (lena n-áirítear caipitíocht) is iníoctha le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna, le Boird Oideachais agus Oiliúna agus le heagraíochtaí agus institiúidí oideachais eile | 535,911 | 547,792 | 463,139 |
| A.11 | Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn sna hearnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile | 87,078 | 53,955 | 97,988 |
| A.12 | Oideachas múinteoirí | 38,095 | 29,190 | 29,052 |
| A.13 | Íocaíochtaí i ndáil le sásamh d'fhorais chónaithe agus costais a bhaineann leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú | 3,329 | 2,797 | 2,476 |
| A.14 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | 150,547 | 149,777 | 95,213 |
| A.15 | Bonneagar bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna | 780,000 | 782,840 | 694,683 |
| A.16 | Costais comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí | 69,700 | 65,422 | 76,476 |
| | | **8,710,485** | **8,595,589** | **8,244,663** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100.000). San iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €114.896 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**A.9 Seirbhísí iompair scoile**

*Soláthar meastacháin €245.669 milliún; toradh €224.791 milliún*

Bhain an laghdú €20.878 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha le tionchar Covid-19, lena n-áirítear

- cur i bhfeidhm céimnithe scartha shóisialta ar sheirbhísí iompair iar-bhunscoile a raibh caiteachas laghdaithe mar thoradh air i gcomparáid leis an leithdháileadh a bhain le Covid-19 a soláthraíodh (€10.252 milliún)
- caiteachas laghdaithe i gcomparáid leis na leithdháiltí nár bhain le Covid-19, go príomha mar gheall ar dhúnadh na scoileanna (€11 mhilliún).

**A.11 Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn sna hearnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile**

*Soláthar meastacháin €87.078 milliún; toradh €53.955 milliún*

Bhain an laghdú €33.123 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha le tionchar Covid-19, lena n-áirítear

- scrúduithe na sraithe sóisearaí agus comhpháirteanna de na scrúduithe ar nós scrúduithe béil/obair phraiticiúil/obair chúrsa a chealú agus scrúduithe Ardteistiméireachta scríofa a chur siar in 2020 mar gheall ar Covid-19, rud as ar lean coigilteas do Choimisiún na Scrúduithe Stáit (€26 mhilliún)
- thaifead an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) coigilteas thar roinnt réimsí, lena n-áirítear earcaíocht níos moille nár mar a bhí beartaithe agus coigilteas faoin tSamhail um Chuimsiú Scoile, an tionscadal Teiripe Scoile agus costais taistil (€5.89 milliún).

**A.12 Oideachas múinteoirí**

*Soláthar meastacháin €38.095 milliún; toradh €29.19 milliún*

Bhain an laghdú €8.905 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha le tionchar díreach phaindéim Covid-19.

- Coigilteas mar gheall ar chúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí a bheith á reáchtáil ar líne agus lasmuigh d'am teagmhála ranga seachas i bhfoirm duine le duine (€8.37 milliún).
- Coigilteas mar gheall ar an nglacadh le roinnt clár de chuid an Lárionaid Cheannaireachta Scoile a bheith níos ísle ná a measadh agus ar an gclár meantóireachta agus imeachtaí foghlama gairmiúla eile a bheith á gcur ar fáil ar líne, mar thoradh, den chuid is mó, ar thionchar Covid-19 ar scoileanna (€900,000).
- Rinneadh coigilteas a fhritháireamh le caiteachas méadaithe i réimsí eile, lena n-áirítear campaí samhraidh litearthachta do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna DEIS (€720,000).

**A.13 Íocaíochtaí i ndáil le sásamh d'fhorais chónaithe agus costais a bhaineann leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú**

*Soláthar meastacháin €3.329 milliún; toradh €2.797 milliún*

Ba é caiteachas caipitil a leithdháileadh ar chuimhneachán d'íospartaigh dhrochúsáide forais nár cuireadh i gcrích in 2020 an phríomhchúis le laghdú €532,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

**A.16 Costais comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí**

*Soláthar meastacháin €69.7 milliún; toradh €65.422 milliún*

Bhain an laghdú €4.278 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha leis na nithe seo a leanas

- leibhéil bhoilscithe in 2020 a bheith níos ísle ná mar a measadh, rud as ar lean costais innéacsaithe níos ísle ar íocaíochtaí muirir aonadaigh ar fud na mbeartán scoileanna uile (€1.3 milliún)
- costais níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis i leith mionoibreacha agus costais oibriúcháin ar fud na mbeartán scoileanna uile (€950,000)
- laghdú ar mhuirir aonadacha i leith teipeanna aontaithe ar sheirbhís agus ar infhaighteacht ar fud na mbeartán scoile uile (€600,000)
- íostarraingt a bheith níos ísle ná mar a bhíothas a súil leis i leith deontais TFC agus an Chéatadáin don Ealaín (€500,000)
- bhain an coigilteas le suim theagmhasach €1.05 milliún ar leibhéal cláir do chostais gan choinne, rud nár úsáideadh.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Ranníocaíochtaí aoisliúntais | 160,438 | 172,429 | 170,623 |
| B.2 | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) agus fáltais ilghnéitheacha eile ó AE [a] | 325 | 728 | 74,185 |
| B.3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 163,946 | 169,289 | 254,294 |
| B.4 | Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí | 3,824 | 5,047 | 5,598 |
| B.5 | Ilghnéitheach | 3,398 | 7,454 | 6,321 |
| | **Iomlán** | **331,931** | **354,947** | **511,021** |

Nóta [a] Cuirtear miondealú ar fháltais AE €728,000 faoi B.2 ar fáil sa tábla faoi Nóta 6.5 Maoiniú AE.

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). San iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €23.016 milliún níos ísle ná an meastachán. Leagtar amach thíos na míniúcháin ar dhifríochtaí:

**B.1 Ranníocaíochtaí aoisliúntais**

*Meastachán €160.438 milliún; réadaithe €172.429 milliún*

Leis na nithe seo a leanas go príomha a bhain an méadú €11.991 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin:

- costais bhreise phá a d'éirigh as tacaí airgeadais Covid-19 a mhéadaigh costais phárolla scoile agus fáltais aoisliúntais a bhí níos airde ná mar a measadh mar gheall ar na méaduithe a ceadaíodh faoin mbeart pá (€12.533 milliún)
- rinneadh an méadú seo a fhritháireamh le líon fáltas aonuaire a bheith níos ísle mar a bhíothas ag súil leis ar chúiseanna éagsúla, rud as ar lean easnamh €540,000 i bhfáltais.

**B.2 Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) agus fáltais ilghnéitheacha eile ó AE**

*Meastachán €325,000; réadaithe €728,000*

Leis na nithe seo a leanas go príomha a bhain an méadú €403,000 i gcoibhneas leis an meastachán:

- íocaíocht i leith an Lárionaid um Scolaíocht Eorpach a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis (€126,000)
- fáltais ó Chlár PEACE IV a ndearnadh próifíl orthu faoi B.5 Ilghnéitheach a bhfuil cuntas orthu anois faoin bhfo-mhírcheann seo (€257,000).

**B.4 Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí**

*Meastachán €3.824 milliún; réadaithe €5.047 milliún*

Bhain an méadú €1.223 milliún i gcomparáid leis an meastachán go príomha le fáltais aisghabhála ró-íocaíochtaí a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis. Is doiligh leibhéal na bhfáltas seo a thuar go beacht ar an ábhar go bhféadann forchúiteamh ró-íocaíochtaí a bheith ar bhonn aonuaire nó ar bhonn céimneach.

**B.5 Ilghnéitheach**

*Meastachán €3.398 milliún; réadaithe €7.454 milliún*

D'eascair an méadú €4.056 milliún i gcoibhneas leis an meastachán go príomha maidir le fáltais ilghnéitheacha bhreise nach raibh san áireamh sa mheastachán bunaidh. Mar gheall ar chineál éagsúil na bhfáltas sa chatagóir seo, tá sé deacair a thuar le haon leibhéal cinnteachta leibhéal na bhfáltas a d'fhéadfadh a bheith le bailiú in aon bhliain féilire.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir [a] | — | 848 |
| Forchúiteamh maoinithe neamhchaite ón Údarás um Ardoideachas/an Chomhairle um Thaighde in Éirinn | — | 716 |
| Fáltais ó airgead coinsiasa | 2 | — |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (2) | (1,409) |
| **Iarmhéid ag an 31 Eanáir** | **—** | **155** |

Nóta [a] Baineann iarmhéid deiridh 2019 leis na feidhmeanna a aistríodh chuig Vóta 45 tar éis feidhmeanna a aistriú ón Roinn Oideachais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Roinn | 1,335 | 1,378 |
| An chéad agus an dara leibhéal | 90,966 | 89,326 |
| An tríú leibhéal [a] | — | 20,536 |
| Gníomhaireachtaí [b] | 458 | 805 |
| Iomlán | **92,759** | **112,045** |

Nóta [a] Tuairiscítear poist tríú leibhéal maidir le 2020 faoi Vóta 45 tar éis an aistrithe feidhmeanna ón Roinn Oideachais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

[b] Cuimsíonn an líon ball foirne gníomhaireachta do 2019 poist a thuairiscítear faoi Vóta 45 i gCuntais Leithreasa 2020.

## 5.2 Foireann na Roinne

| Foireann na Roinne [a] | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 78,364 | 77,736 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 392 | 352 |
| Liúntais eile | 35 | 45 |
| Ragobair | 773 | 618 |
| ÁSPC an Fhostóra | 6,268 | 5,727 |
| **Pá iomlán [b]** | **85,832** | **84,478** |

Nóta [a] Ní bhaineann na sonraí airgeadais sa tábla seo ach amháin le tuarastail agus le liúntais a íocadh le fostaithe na Roinne agus le foireann na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

[b] Léirítear an figiúr pá iomlán faoi A.1 (€83.036 milliún) agus A.14 (€2.796 milliún do thionscadail cur chun feidhme seirbhísí comhroinnte).

| Foireann oideachais chéad leibhéil agus dara leibhéal | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 4,996,761 | 4,892,090 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | — | — |
| Liúntais eile | 4,700 | — |
| Ragobair | — | — |
| ÁSPC an Fhostóra | 391,054 | 360,142 |
| **Pá iomlán [a]** | **5,392,515** | **5,252,232** |

Nóta [a] Cuimsíonn an figiúr pá iomlán costas thuarastail mhúinteoirí na mBord Oideachais agus Oiliúna, tuarastail chúntóirí riachtanas speisialta na mBord Oideachais agus Oiliúna agus foireann neamhtheagaisc na mBord Oideachais agus Oiliúna de réir dhréachtráitis airgeadais na mBord Oideachais agus Oiliúna do 2020. Tá ÁSPC fostóirí do mhúinteoirí na mBord Oideachais agus Oiliúna, do chúntóirí riachtanas speisialta na mBord Oideachais agus Oiliúna agus d'fhoireann neamhtheagaisc na mBord Oideachais agus Oiliúna san áireamh faoi phá.

| An Tríú Leibhéal | 2020 [a] | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | — | 1,747,301 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | — | — |
| Liúntais eile | — | 309 |
| Ragobair | — | 351 |
| ÁSPC an Fhostóra | — | 250,569 |
| **Pá iomlán [a]** | — | **1,998,530** |

Nóta [a] Tuairiscítear pá tríú leibhéal le haghaidh 2020 faoi Vóta 45.

| Gníomhaireachtaí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 25,982 | 47,908 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 152 | 77 |
| Liúntais eile | 67 | 154 |
| Ragobair | 753 | 1,526 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,481 | 3,337 |
| **Pá iomlán [a]** | **28,435** | **53,002 [b]** |

Nóta [a] Áirítear ar an bpá iomlán maidir le 2020 costais phá do ghníomhaireachtaí atá faoi shainchúram an Vóta seo.

[b] Áirítear ar an bhfigiúr iomlán pá maidir le 2019 na costais phá do ghníomhaireachtaí atá anois faoi shainchúram Vóta 45 tar éis an aistrithe feidhmeanna ón Roinn Oideachais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 106 | 12 | 20,614 | 24,770 |
| Liúntais eile | 18 | — | 5,413 | 5,029 |
| Ragobair | 252 | 3 | 17,722 | 19,861 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 34 | 4 | 14,849 | 20,614 |

Ní bhaineann na sonraí liúntais agus íocaíochtaí ragoibre sa tábla seo ach amháin le foireann riaracháin na Roinne agus le foireann na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

Ceanglaítear le Ciorclán 20/2020 go dtaispeánfaí sonraí liúntas agus ragoibre a íocadh le gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne mar mhíreanna ar leithligh. Ní raibh ar chumas na Roinne an t-eolas seo a chur ar fáil maidir le cuntais 2020. Athbhreithneofar é seo do chuntais 2021.

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Cuireadh 32 státseirbhíseach a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsin státseirbhíse ag obair arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €157,000 (2019: €145,000), lenar áiríodh costais taistil agus chothaithe €18,000 (2019: €33,000). Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile), 2012.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ró-íocaíochtaí tuarastal le foireann riaracháin** | | | |
| Ró-íocaíochtaí | 109 | 382,179 | 221,253 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 39 | 129,026 | 101,938 |

Rinneadh trí phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí i leith duine amháin dar luach €362 a aistriú i rith na bliana chuig Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ró-íocaíochtaí le múinteoirí/daoine nach múinteoirí agus pearsanra ar scor** | | | |
| Ró-íocaíochtaí | 4,991 | 5,871,335 | 5,601,665 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 468 | 1,325,066 | 1,570,701 |

I gcaitheamh 2020, aisíocadh 1,378 gcás ró-íocaíochtaí ina n-iomláine agus b'fhiú €1.242 milliún an aisíocaíocht.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ró-íocaíochtaí forlíontacha pinsin** | | | |
| Ró-íocaíochtaí | 109 | 914,529 | 1,029,461 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 95 | 778,430 | 924,980 |

**Ró-íocaíochtaí mar thoradh ar fho-asbhaint an Laghdaithe Pinsin Seirbhíse Poiblí**

Aithníodh 89 gcás pinsinéara i ráithe 3 de 2018 mar a ndearnadh fo-asbhaint i leith an laghdaithe pinsin seirbhíse poiblí, rud as ar lean ró-íocaíochtaí. Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gceannas ar réiteach na faidhbe seo. Bíonn an Roinn Oideachais i gcainteanna i gcónaí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis na ró-íocaíochtaí seo. Níor aithníodh an tsuim dheiridh go fóill agus níl pleananna aisíocaíochta i bhfeidhm go fóill.

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn 2020, íocadh iomarcaíocht le 48 nduine trí phárolla na Roinne, i gcáil na Roinne mar phámháistir do scoileanna áirithe. B'ionann agus €549,296 an íocaíocht iomlán iomarcaíochta agus san áireamh inti bhí íocaíocht as suimeanna iomarcaíochta reachtúla agus neamhreachtúla araon, de réir mar ba chuí. Fuair 22 dhuine aonair íocaíochtaí iomarcaíochta a sháraigh €10,000. Ba é €39,682 an tsuim iomarcaíochta ab airde a íocadh in 2020. Níor íocadh aon phinsean luath ná níor cuireadh aon bhlianta breise de sheirbhís bharúlach ná feabhsuithe eile leis na téarmaí fabhraithe pinsin a deonaíodh d'aon duine de na 48 nduine aonair sin.

I rith 2020, íocadh iomarcaíocht le ceathrar trí phárollaí riaracháin na Roinne. B'ionann agus €179,802 an t-iomlán a íocadh agus san áireamh ann bhí íocaíochtaí iomarcaíochta agus scaoilíocaíochtaí, de réir mar ba chuí. Sháraigh ceithre íocaíocht iomarcaíochta €10,000. Ba é €103,328 an tsuim ab airde a íocadh in 2020. Níor íocadh aon phinsean luath ná níor cuireadh aon bhlianta breise de sheirbhís bharúlach ná feabhsuithe eile leis na téarmaí fabhraithe pinsin a deonaíodh d'aon duine den cheathrar.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 | Caiteachas in 2020 | Caiteachas in 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú | 1999 | 84,267 | 598 | 1,433 |
| An Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe [a, b] | 2002 | 1,244,495 | 1,780 | 1,203 |
| | | **1,328,762** | **2,378** | **2,636** |

Nóta [a] Anuas ar an gcaiteachas foriomlán €1.244 billiún ar an Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe ag deireadh 2020, tabhaíodh €10 milliún eile i dtaca le socraíochtaí cúirte de bhun Chomhaontú Slánaíochta na bliana 2002, ina bhforáiltear nach bhfuil cuallachtaí reiligiúnacha faoi dhliteanas maidir le haon chásanna a shocraítear sa chúirt agus lasmuigh den scéim um shásamh.

[b] Ag deireadh 2020, ba é €63.8 mhilliún na costais charnacha riaracháin i gcás an Bhoird um Shásamh i leith Foras Cónaithe agus €9.99 milliún i gcás an Choiste Athbhreithnithe i leith Foras Cónaithe.

**Iomlán na ranníocaíochtaí ó chuallachtaí reiligiúnacha**

Rinne 18 gcuallacht reiligiúnacha a bhainistigh formhór na bhforas cónaithe do leanaí ranníocaíochtaí faoi dhá bhabhta ar leith. Is iad sin:

- comhaontú slánaíochta 2002 a bhí ina cheangal dlí agus lena bhforáladh do ranníocaíochtaí is fiú €128 milliún; agus
- na tairiscintí deonacha breise a rinneadh tar éis fhoilsiú Thuarascáil Uí Riain in 2009, lena n-áirítear airgead tirim agus réadmhaoin ar chuir na cuallachtaí luach €352.61 milliún orthu.

Achoimrítear sa tábla thíos na suimeanna iomlána a tairgeadh faoin dá bhabhta agus na suimeanna a fuarthas go dtí seo. Tá na suimeanna seo comhdhéanta de ranníocaíochtaí airgid thirim agus de luach na n-aistrithe réadmhaoine araon.

| | Tairgthe | Réadaithe |
|---|---|---|
| | €milliún | €milliún |
| Comhaontú slánaíochta 2002 | 128.00 | 124.94 |
| Tairiscintí deonacha 2009 | 352.61[a] | 113.56[b] |
| Iomlán | 480.61 | 238.50 |

Nóta [a] Is é €352.61 milliún an luach a sholáthair na cuallachtaí.

[b] Tá aistriú na 15 réadmhaoin seo tugtha chun críche anois ach tá luachálacha le fáil fós in dhá chás.

**An tsuim iomlán atá amuigh ó chuallachtaí reiligiúnacha**

Tá gach airgead tirim a tairgeadh faoi chomhaontú slánaíochta na bliana 2002, arbh fhiú €65 mhilliún é, faighte anois. Tá dhá réadmhaoin le haistriú fós ina n-iomláine faoi théarmaí an chomhaontaithe.

Faoi dheireadh 2020, bhí ranníocaíochtaí deonacha airgid thirim a tairgeadh in 2009 nó i mblianta dá héis, ar fiú €110.98 milliún iad, faighte. Áiríodh leis seo an chéad tráthchuid de ranníocaíocht bhreise airgid thirim €1 mhilliún i leith fhorbairt Ospidéal Náisiúnta na Leanaí mar a fhoráiltear in Alt 43 den Acht um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe, 2012. Is féidir go bhfaighfear ranníocaíochtaí eile freisin, a eascróidh as diúscairt réadmhaoine áirithe nár glacadh leo lena n-aistriú chuig an Stát, ach níl na suimeanna atá i gceist ar eolas go fóill. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur ranníocaíochtaí deonacha airgid thirim iad sin.

Tá 15 cinn san iomlán de na réadmhaoine a tairgeadh go deonach in 2009 aistrithe ina n-iomláine agus tá dul chun cinn nach beag déanta maidir leis na trí réadmhaoin eile. Is gá obair eile a dhéanamh chun dul chun cinn a dhéanamh ar thairiscint Chuallacht na mBráithre Críostaí. Tá faichí imeartha san áireamh sa tairiscint sin.

Ní dócha go mbainfear amach luach iomlán na dtairiscintí deonacha, mar a bhí in 2009, de bhrí nár glacadh le tairiscintí áirithe agus go raibh luach na réadmhaoine a aistríodh nó a diúscraíodh níos ísle i bhformhór na gcásanna ná an luach a chuir na cuallachtaí orthu. Is féidir go n-athróidh sé seo de réir mar a thugtar na haistrithe réadmhaoine eile chun críche.

**Ceangaltais iomlána sa todhchaí**

Meastar go ndúnfar an Bord um Shásamh agus an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú le linn 2022. Meastar go mbeidh €2 mhilliún de chaiteachas breise i gceist.

Foráladh sa reachtaíocht lenar bunaíodh an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus an Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe do thaifid na ndaoine aonair a choimeád faoi rún agus a scriosadh tráth dhíscaoileadh na gcomhlachtaí. Mar sin féin, chinn an Rialtas ina dhiaidh sin go bhféadfadh tábhacht stairiúil chomh mór sin a bheith leis na taifid gur chóir iad a choimeád agus a shéalú sa Chartlann Náisiúnta. Dá thoradh sin, ní fhéadfar na forais um Shásamh a dhíscaoileadh go dtí go ndéanfar staid dheireanach na dtaifead sin a réiteach. I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'fhógair an Rialtas go mbunófaí Ionad Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin, a bheadh freagrach as taifid a bhaineann le drochúsáid institiúideach, lena n-áirítear taifid an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus an Bhoird um Shásamh. Dá bhrí sin, tá dúnadh na gcomhlachtaí ag brath anois ar dhul chun cinn an chur chuige rialtais seo ar fad.

**Cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 43 den Acht um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe, 2012**

Foráiltear in Alt 43 d'Acht 2012 gurb amhlaidh, i gcás ranníocaíochtaí ó chuallachtaí a sháraíonn an teorainn €110 milliún atá leagtha síos in Alt 29 den Acht, go gcuirfear iad i gcuntas speisialta in ainm an Aire Sláinte lena n-úsáid do chuspóirí a bhaineann le forbairt an ospidéil nua náisiúnta phéidiatraicigh agus don chuspóir sin amháin. Cuireadh ranníocaíocht €430,000 sa chuntas speisialta sin in 2019. In 2020, cuireadh ranníocaíochtaí breise arbh fhiú €550,000 san iomlán iad i dtaisce sa chuntas speisialta.

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Costais dlí a dámhadh | Cúiteamh a dámhadh | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó dhaoine den phobal** | 107 | 1,083 | 715 | 1,038 | 2,836 | 2,062 |
| **Éilimh ó fhostaithe** | — | — | — | — | — | 46 |
| | | **1,083** | **715** | **1,038** | **2,836** | **2,108** |

Ba é €3.436 milliún (2019: €2.508 milliún) an tsuim a thabhaigh an Roinn i gcostais dlí i ngnó laethúil na Roinne, agus áirítear inti na costais dlí agus na dámhachtainí cúitimh atá liostaithe thuas. Aithnítear sa tábla thuas costais agus táillí dlí a d'íoc an Roinn go díreach agus ní léirítear ann costais dlí comhlachtaí eile a dtacaítear leo faoi fho-mhírchinn vótáilte.

## 6.3 Calaois agus calaois amhrasta

| | Líon na gcásanna | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Calaois | 4 | 12 | 110 |
| Calaois/mírialtacht amhrasta | 6 | — | 1 |
| | | **12** | **111** |

Sa tréimhse idir foilsiú chuntas leithreasa 2019 agus síniú chuntas leithreasa 2020, cuireadh an Roinn ar an eolas faoi dheich gcás nua calaoise/neamhrialtachta amhrasta. Dúnadh trí chás díobh seo. Tá na seacht gcás eile ar oscailt go fóill agus níor aithníodh aon luach fós i sé cinn de na cásanna.

## 6.4 Eadráin agus idir-réiteach

Cuimsíonn caiteachas in 2020 íocaíochtaí €2,796,059 (2019: €3,621,820) a rinneadh le conraitheoirí agus le daoine eile le costais a chlúdach a tháinig de bharr imeachtaí eadrána agus idir-réitigh. Bhí 13 chás ann in 2020 (2019: 16 chás). Cuimsíonn na figiúirí CBL agus táillí dlí agus gairmiúla.

## 6.5 Maoiniú AE

Tá fáltais i ndáil le maoiniú AE a fuarthas le linn 2020 agus a cuireadh i dtaisce i leithreasaí-i-gcabhair sonraithe sa tábla thíos:

| **Catagóir maoinithe AE** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| D2.1 Maoiniú pá CSE | — | 50,464 |
| D2.1 Maoiniú neamhphá CSE | — | 23,362 |
| D2.3 Tionscadail oideachais CE | 471 | 359 |
| D5.5 Aisíocaíocht ilghnéitheach i leith Chlár PEACE IV | 257 | 370 |
| | **728** | **74,555** |

**Tionscadail oideachais CE:**

Chuimsigh fáltais in 2020 faoi thionscadail oideachais CE íocaíochtaí cúitimh le haghaidh costais riaracháin a tabhaíodh i leith ghníomhaíochtaí an Lárionaid don Scolaíocht Eorpach, Dún Seachlainn, Co. na Mí, a bhain le rannpháirtíocht na hÉireann i líonra eolais Euydice an Choimisiúin Eorpaigh agus an tionscadal Eurostudent VII 2018-2021.

**Aisíocaíocht i leith Chlár PEACE IV:**

Bhain fáltais a fuarthas in 2020 le caiteachas a tabhaíodh mar chuid de chlár PEACE IV, a oibríonn ar bhonn forchúiteamh 80% ón gCoimisiún. Íocann Éire 21% de na clárchostais iomlána agus íocann Feidhmeannas Thuaisceart Éireann an chuid eile.

## 6.6. Maoiniú díreach AE do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne 2020

I dteannta na ndeontas ón Vóta, ba é seo a leanas an cúnamh díreach AE a tugadh do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne i gcaitheamh 2020.

| **Comhlacht atá faoi choimirce na Roinne** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) | 43 | 11 |
| An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas | — | 61 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | — | 286 |
| Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) | — | 754 |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn | — | 435 |
| Léargas | — | 16,020 |
| | **43** | **17,567** |

| **Comhlacht atá faoi choimirce na Roinne** | **Cuspóir an mhaoinithe** | **2020** |
|---|---|---|
| | | **€000** |
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) | SUSKIDS, tionscadal a bhfuil mar aidhm leis gairmithe agus teaghlaigh a chumasú eolas agus scileanna inbhuanaithe a aistriú go daoine a bhfuil Siondróm Down orthu | 43 |

## 6.7 Nithe a díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Clár Leathanbhanda na Scoileanna | 1,190 | — |
| Ró-íocaíochtaí párolla | 15 | 39 |
| | **1,205** | **39** |

## 6.8 Ús ar íocaíochtaí déanacha

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Glanús iomlán a íocadh | **6** | **7** |

## 6.9 Iontaobhais oideachais

Infheistíodh iontaobhais oideachais arbh fhiú €2.083 milliún san iomlán iad thar ceann na Roinne i gcomhchiste infheistíochta faoi mhaoirseacht an Rialálaí Carthanas ag deireadh 2020 (2019: €2.2 milliún). Is é an tAire Oideachais iontaobhaí na dtrí iontaobhas oideachais sin go fóill.

## Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Oideachais

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail Meán Fómhair 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an uair a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ciste roinne | Tréimhse chuntasaíochta dheireanach a iniúchadh | Dáta na tuarascála iniúchta | An dáta a fuair an tAire/an Roinn í | An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| **Boird Oideachais agus Oiliúna** | | | | |
| An Cabhán agus Muineachán | 2019 | 28 Iúil 2020 | 4 Lún 2020 | 9 Samh 2020 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 2019 | 24 Noll 2020 | 7 Ean 2021 | 3 Már 2021 |
| Corcaigh | 2019 | 10 M.F. 2020 | 30 D.F. 2020 | 17 Noll 2020 |
| Dún na nGall | 2019 | 30 M.F. 2020 | 30 D.F. 2020 | 14 Noll 2020 |
| Baile Átha Cliath agus Dún Laoghaire | 2019 | 24 Noll 2020 | 5 Ean 2021 | 2 Már 2021 |
| Gaillimh agus Ros Comáin | 2019 | 23 D.F. 2020 | 6 Samh 2020 | 16 Noll 2020 |
| Ciarraí | 2019 | 15 Noll 2020 | 5 Ean 2021 | 26 Fea 2021 |
| Cill Dara agus Cill Mhantáin | 2019 | 24 Noll 2020 | 5 Ean 2021 | 1 Már 2021 |
| Cill Chainnigh agus Ceatharlach | 2019 | 31 Lún 2020 | 6 Samh 2020 | 17 Noll 2020 |
| Laois agus Uíbh Fhailí | 2019 | 30 M.F. 2020 | 6 Samh 2020 | 14 Ean 2021 |
| Luimneach agus an Clár | 2019 | 24 Noll 2020 | 5 Ean 2021 | 1 Már 2021 |
| An Longfort agus an Iarmhí | 2019 | 30 Meith 2020 | 2 Iúil 2020 | 10 Samh 2020 |
| Lú agus an Mhí | 2019 | 19 Samh 2020 | 23 Samh 2020 | 6 Ean 2021 |
| Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim | 2019 | 23 Noll 2020 | 5 Ean 2021 | 25 Fea 2021 |
| Tiobraid Árann | 2019 | 27 D.F. 2020 | 30 D.F. 2020 | 4 Noll 2020 |
| Port Láirge agus Loch Garman | 2019 | 18 Samh 2020 | 20 Samh 2020 | 17 Noll 2020 |
| **Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne** | | | | |
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) | 2020 | 28 Meith 2021 | 29 Meith 2021 | 15 Iúil 2021 |
| An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | 2019 | 30 M.F. 2020 | 12 D.F. 2020 | 23 D.F. 2020 |
| Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 2019 | 31 Lún 2020 | 14 M.F. 2020 | 2 D.F. 2020 |
| An Chomhairle Mhúinteoireachta | 2019 | 23 Már 2020 | 29 Iúil 2020 | Le cur faoi bhráid |
| An Foras Taighde ar Oideachas | 2019 | 15 Noll 2020 | 13 Ean 2021 | 9 Már 2021 |
| Caranua | 2020 | 19 Már 2021 | 23 Már 2021 | 23 Iúil 2021 |
| An Cuntas Speisialta um Shásamh | 2020 | 4 Lún 2021 | 6 M.F. 2021 | 9 M.F. 2021 |

## Aguisín B Tionscadail chaipitil a bhfuil caiteachas €10 milliún nó níos mó i gceist leo

| | | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Fo-mhírcheann A.15** | | | | | | |
| 1 | Meánscoil Fhoghlaim le Chéile Pháirc Hans, Baile Átha Cliath 15 | 17,369 | 1 | 187 | 17,557 | 17,556 |
| 2 | Gaelscoil na nDeise, Campas Charraig Phiarais, Port Láirge | 15,170 | 26 | 26 | 15,222 | 15,222 |
| 3 | Naomh Colm Cille, Baile Átha Cliath 16 | 16,275 | — | 342 | 16,617 | 16,617 |
| 4 | Coláiste Pobail Ard Giolláin, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 13,653 | — | 103 | 13,756 | 13,756 |
| 5 | Meánscoil Temple Carrig, Cill Mhantáin | 12,804 | — | 391 | 13,195 | 13,195 |
| 6 | Bunscoil Naomh Eoin, Rath Maoláin | 12,810 | — | 1,545 | 14,355 | 14,355 |
| 7 | Coláiste Ghlór na Mara, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 14,714 | — | 222 | 14,936 | 14,936 |
| 8 | Foghlaim le Chéile Bhrí Mhór, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 22,664 | 171 | 1,226 | 24,061 | 24,057 |
| 9 | Meánscoil le Chéile, Mhullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15 | 19,802 | 139 | 197 | 20,138 | 20,138 |
| 10 | Scoil Pharóiste Phort Laoise, Co. Laoise | 16,270 | 5 | 723 | 16,998 | 16,993 |
| 11 | Scoil Chuimsitheach na Páirce Nua, an Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath | 14,036 | 19 | 481 | 14,536 | 14,517 |
| 12 | Iar-bhunscoil Charraig Uí Leighin, Co. Chorcaí | 14,500 | — | 213 | 14,713 | 14,713 |

| | | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 13 | Foghlaim le Chéile Luimnigh, Mungairit, Luimneach | 12,503 | — | 205 | 12,708 | 12,708 |
| 14 | Scoil Pharóiste Naomh Aodán, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman | 10,793 | 88 | 362 | 11,243 | 11,228 |
| 15 | Scoil Náisiúnta Shráid Mhichíl, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman | 11,059 | 6 | 409 | 11,474 | 11,474 |
| 16 | Coláiste Sancta Maria, Ráth Fearnáin, Co. Bhaile Átha Cliath | 11,845 | 1,630 | 3,164 | 16,639 | 16,456 |
| 17 | Coláiste Chluain Caoin, Sméar Dubh Co. Bhaile Átha Cliath | 12,816 | — | 76 | 12,892 | 12,892 |
| 18 | Pobalcholáiste Chionn tSáile, Co. Chorcaí | 11,854 | 38 | 26 | 11,918 | 11,918 |
| 19 | Meánscoil na mBráithre Críostaí, Sráid Thomáis, Loch Garman | 15,443 | 211 | 186 | 15,840 | 15,836 |
| 20 | Gairmscoil an Inbhir Mhóir, Co. Chill Mhantáin | 12,287 | — | 163 | 12,450 | 12,450 |
| 21 | Scoil Phobail, an Clochán, Co. na Gaillimhe | 10,298 | — | 152 | 10,450 | 10,450 |
| 22 | Scoil Naofa Oilibhéir Pluincéad, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath | 11,457 | 5,078 | 821 | 17,356 | 15,318 |
| 23 | Scoil an Stíobhartaigh, Baile Phámar, Baile Átha Cliath 20 | 14,847 | 2,138 | 2,494 | 19,479 | 16,192 |
| 24 | Coláiste Pobail Choill an Rí, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 | 20,562 | 732 | 175 | 21,469 | 20,579 |
| 25 | Coláiste Mhuire, an Cnoc Beag, Ceatharlach | 16,029 | 657 | 497 | 17,183 | 16,480 |
| 26 | Coláiste na Toirbhearta, Baile | 20,215 | 324 | 209 | 20,748 | 20,622 |

Átha an Rí, Co. na Gaillimhe [c]

| | | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 27 | Pobalscoil Chú Chulainn, Dún Dealgan, Co. Lú [c] | 17,342 | 280 | 40 | 17,662 | 17,484 |
| 28 | Iar-bhunscoileanna Mhá Nuad, Co. Chill Dara [b, c] | 24,673 | 22,994 | 4,159 | 51,826 | 50,815 |
| 29 | Gaelscoil na Giúise, Tamhlacht, BÁC 24 | 11,807 | 2 | 22 | 11,831 | 11,829 |
| 30 | Bunscoil Chlochar na Trócaire, an Nás, Co. Chill Dara | 6,276 | 505 | 4,186 | 10,967 | 10,755 |
| 31 | Scoil Náisiúnta Naomh Mochta, Cluain Saileach, Baile Átha Cliath | 12,331 | (76) | 246 | 12,501 | 12,501 |
| 32 | Choláiste Thulach Mhór, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí | 11,514 | (88) | 115 | 11,541 | 11,526 |
| 33 | Scoil Speisialta an Teaghlaigh Ró-Naofa, Muinchille, Co. an Chabháin | 6,266 | 5,141 | 4,428 | 15,835 | 15,333 |
| 34 | Bunscoil CBS, an Bóthar Nua, Inis, Co. an Chláir | 11,269 | 71 | 285 | 11,625 | 11,592 |
| 35 | Saplings an Mhuilinn Chearr, Bóthar Lynn, an Muileann gCearr, Co. na hIarmhí | 12,175 | 274 | 234 | 12,683 | 12,682 |
| 36 | Scoil Náisiúnta Fhoghlaim le Chéile Iarthar na Cathrach, Lána Bhaile Uí Fhoirtcheirn, Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24 | 13,987 | 337 | 234 | 14,558 | 14,444 |
| 37 | Scoil Náisiúnta Fhoghlaim le Chéile Bhaile Chláir, Droim na Gaoithe, Baile Chláir, Co. na Gaillimhe | 14,390 | 688 | 199 | 15,277 | 15,247 |
| 38 | Gairmscoil Mhuire, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe | 19,646 | 2,794 | 508 | 22,948 | 22,333 |

| | | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 39 | Pobalcholáiste Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath | 11,939 | 4,590 | 86 | 16,615 | 15,520 |
| 40 | Coláiste Dáibhís, Mala, Co. Chorcaí [b,c] | 6,792 | 5,184 | 694 | 12,670 | 10,712 |
| 41 | Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh [b] | 11,496 | 8,651 | (12) | 20,135 | 18,784 |
| 42 | Scoil Náisiúnta Bhríde, Cnoc Maí, Port Laoise, Co. Laoise | 9,931 | — | 127 | 10,058 | 10,058 |
| 43 | Scoil Náisiúnta Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath | 10,868 | 113 | 107 | 11,088 | 10,962 |
| 44 | Scoil Náisiúnta Buachaillí Naomh Columba Dúglas Thiar, Co. Chorcaí | 11,665 | 2,727 | 503 | 14,895 | 12,211 |
| 45 | Scoil Phádraig, Bohreen Hill, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman | 6,789 | 8,040 | 1,817 | 16,646 | 15,309 |
| 46 | Pobalcholáiste Chloich na Coillte, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí [a] | 4,260 | 6,974 | 587 | 11,821 | 11,377 |
| 47 | Scoil Náisiúnta Fhoghlaim le Chéile Bhaile an Phaoraigh, Baile an Tirialaigh, Baile Átha Cliath 15. | 10,796 | — | 220 | 11,016 | 11,016 |
| 48 | Iar-bhunscoil Shoird, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath [a] | 15,365 | 11,348 | 827 | 27,540 | 22,487 |
| 49 | Pobalcholáiste an Náis, an Nás, Co. Chill Dara [b] | 2,256 | 5,961 | 16,040 | 24,257 | 23,613 |
| 50 | Coláiste Chiaráin, Cnoc an tSamhraidh, Baile Átha Luain,Ros Comáin [a] | 12,901 | 10,712 | 1,079 | 24,692 | 24,194 |

| | | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 51 | Páirc na nGrás, Scoil Náisiúnta Fhoghlaim le Chéile, Droim Conrach, BÁC 9 [a] | 4,686 | 7,430 | 346 | 12,462 | 10,427 |
| 52 | Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí [b,c] | 7,878 | 14,114 | 16,050 | 38,042 | 36,133 |
| 53 | Scoil Náisiúnta Naomh Pól, an Uaimh, Co. na Mí [a] | 3,087 | 5,053 | 4,146 | 12,286 | 12,006 |
| 54 | Scoil Náisiúnta Buachaillí Mhá Nuad, Má Nuad, Co. Chill Dara [d] | 619 | 280 | 11,014 | 11,913 | — |
| 55 | Scoil Náisiúnta Conleth agus Mhuire, Droichead Nua, Co. Chill Dara [b] | 722 | 255 | 14,348 | 15,325 | — |
| 56 | Scoil Náisiúnta Phádraig, an Chorr Dhubh, Baile Átha Cliath 15 [d] | 628 | 1,162 | 16,086 | 17,876 | — |
| 57 | Meánscoil Naomh Pól, Mainistir Eimhín, Co. Chill Dara [d] | 1,173 | 1,270 | 19,878 | 22,321 | — |
| 58 | Meánscoil Naomh Daithí, Bóthar Kimberly, na Clocha Liatha, Co. Chill Mhantáin [d] | 494 | 638 | 14,677 | 15,809 | — |
| 59 | Meánscoil Mhuire, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo [d] | 968 | 265 | 13,574 | 14,807 | — |
| 60 | Pobalcholáiste Naomh Colmán, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí [e] | 9,032 | 7,554 | 904 | 17,490 | 16,979 |
| 61 | Coláiste Ráth Tó, Ráth Tó, Co. na Mí [e] | 5,102 | 4,234 | 1,287 | 10,623 | 5,201 |

| | | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 62 | Scoil Uí Mhuirí, Dún Léire, Co. Lú [f] | 7,252 | 2,179 | 609 | 10,040 | 8,597 |
| 63 | Pobalcholáiste Naomh Conleth, Droichead Nua, Co. Chill Dara [b, c] | 11,449 | 94 | 136 | 11,679 | 10,921 |
| 64 | Foghlaim le Chéile Bhaile Átha Cliath 7, Plás Fitzwilliam, Baile Átha Cliath 7 [d] | 1,071 | 86 | 14,279 | 15,436 | — |
| 65 | Coláiste Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha [g] | 13,106 | — | 38 | 13,144 | 13,106 |
| | **Iomlán** | **726,076** | **153,099** | **178,698** | **1,057,873** | **906,812** |

Nóta

[a] Rinneadh an caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 agus caiteachas iomlán ionchasach an tionscadail in 2019 araon a athlua do chúig thionscadal, a chuaigh ar an láthair in 2019, chun caiteachas neamhcheangailteach nár taifeadadh roimhe seo mar chaiteachas i dtábla na mórcheangaltas caipitil a chur san áireamh.

[b] In 2020, rinne Feidhmeannaigh Thionscadail na ceangaltais chonarthacha a tuairiscíodh in 2019 a athlua do shé thionscadal. Mar thoradh air sin, athluadh caiteachas iomlán ionchasach an tionscadail in 2019.

[c] In 2020, rinne Feidhmeannaigh Thionscadail an caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 a athlua do shé thionscadal.

[d] Rinneadh ceangaltais chonarthacha maidir le tionscadail in 2020 i gcás seacht scoil nua.

[e] Síníodh conradh nua um chríochnú oibreacha in 2020. Níor tugadh aon cheangaltais ag deireadh 2019 de bhrí go raibh tairiscintí nua á lorg don chonradh.

[f] Sháraigh an costas tionscadail €10 milliún mar thoradh ar chonradh nua um chríochnú oibreacha a rinneadh in 2020.

[g] Rinneadh an tionscadal a eisiamh gan chuimhneamh as tábla na mórcheangaltas caipitil sna blianta roimhe seo.

**Difríochtaí suntasacha - Fo-mhírcheann A.15**

Tugtar míniú thíos ar chásanna inar mhéadaigh/laghdaigh an caiteachas iomlán réamh-mheasta faoi níos mó ná €500,000 ó 2019 go 2020:

**22 Scoil Naofa Oilibhéir Pluincéad, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €2.038 milliún*

Le horduithe athraithe a bhain le méideanna móra d'ithreach éillithe a bhaint agus éileamh ama a fhadú, go príomha, a bhain an méadú €1.785 milliún ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**23 Scoil an Stíobhartaigh, Baile Phámar, Baile Átha Cliath 20**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €3.287 milliún*

Socrú comhréitigh de bheagán os cionn €2.3 milliún agus orduithe athraithe maidir le hobair phlástrála bhreise, tírdhreachú breise, rampaí agus ráillí a sholáthar chun tailte a dhéanamh níos so-rochtana, cruach bhreise le haghaidh ceannbhrait thar dhoirse iontrála agus uathoibriú geataí scoile agus táillí foirne dearaidh, de chuid is mó, ba chúis leis an méadú €3.165 milliún ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**24 Coláiste Pobail Choill an Rí, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €890,000*

Orduithe athraithe i ndáil le balla teorann nua agus bacainní a sholáthar agus uasghrádú na rátála dóiteáin ar dhoirse agus scáileáin ar fud na scoile, fostáisiún BSL a sholáthar, oibreacha tógála maidir le Netwatch Security a sholáthar, bacainní sábháilteachta ar dhíonta cothroma a sholáthar agus troscán sainfheistithe a shuiteáil, go príomha, ba chúis leis an méadú €878,000 ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**25 Coláiste Mhuire, an Cnoc Beag, Ceatharlach**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €703,000*

Orduithe athraithe a bhain le deireadh a chur le críonlobhadh fairsing, uasghrádú ar ghléasra cóireála uisce na scoile agus deisiúcháin ar chabhsa na scoile, lena n-áirítear limistéar páirceála bus a sholáthar do bhusanna scoile, agus táillí foirne dearaidh breise, go príomha, ba chúis leis an méadú €689,000 ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**28 Iar-bhunscoileanna Mhá Nuad, Co. Chill Dara**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.011 milliún*

Toradh díreach ar na conarthaí seo a bheith ina sraith conarthaí um chríochnú oibreacha mar ar leachtaíodh an conraitheoir a bhí sa mhéadú €660,000 ar cheangaltais. I measc na gcostas breise a tháinig chun cinn bhí fadhbanna gan choinne a sainaithníodh le linn na gconarthaí agus roimh ré, agus an riosca a ghabh leis na conraitheoirí nua a bheith ag gabháil air féin an conradh bunaidh a chomhlíonadh. Tháinig táillí foirne dearaidh breise chun cinn freisin mar gheall ar scóip an phróisis cheapacháin a fhorbairt i gcás na gconraitheoirí nua agus ceapadh na gconraitheoirí sin. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**33** **Scoil Speisialta an Teaghlaigh Ró-Naofa, Muinchille, Co. an Chabháin**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €502,000*

Táillí seirbhíse agus fóntas, go príomha, ba chúis leis an méadú €225,000 ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**38** **Gairmscoil Mhuire, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €614,000*

Le cosán sealadach a suiteáladh chun sábháilteacht scoláirí a chinntiú ar oscailt na scoile agus iad ag fanacht le droichead coise a bhí á sholáthar ag Comhairle Contae na Gaillimhe a bhain an méadú €390,000 ar cheangaltais agus áiríodh ann slándáil, fálú, athruithe ar leagan amach seomraí agus táillí breise don fhoireann dearaidh. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**39** **Pobalcholáiste Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliatha**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.095 milliún*

Orduithe athraithe a bhain le cóiríocht shealadach bhreise a sholáthar, aonad riachtanas speisialta a leathscinceáil, aláram dóiteáin atá ann san fhoirgneamh a uasghrádú móide brathadóirí deataigh a sholáthar, úsáid seomra a athrú ó fhoirgníocht go miotalóireacht agus ithir agus brablach a dhiúscairt ón láithreán, go príomha, ba chúis leis an méadú €1.028 milliún ar chaiteachas. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachais bhreise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**40** **Coláiste Dáibhís, Mala, Co. Chorcaí**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.958 milliún*

Orduithe athraithe a bhain le dálaí láithreáin gan choinne agus fadhbanna a bhain le séarachas, bainistíocht tráchta, tírdhreachú, soláthar siúlbhealaí agus oibreacha breise eile, go príomha, ba chúis leis an méadú €1.725 milliún ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**41** **Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.351 milliún*

Orduithe athraithe maidir le dálaí talún gan choinne agus fadhbanna le fóntais ba chúis leis an méadú €413,000 ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**44** **Scoil Náisiúnta Buachaillí Naomh Columba, Dúghlas Thiar, Co. Chorcaí**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €2.684 milliún*

Dámhachtain idir-réitigh, maidir le héilimh faoi dhíospóid a bhain go príomha le cruach struchtúrach, athruithe ar obair bríce, tochailtí breise mar gheall ar dhálaí talún agus míreanna ginearálta eile, go príomha, ba chúis leis an méadú €2.593 milliún ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**45 Scoil Phádraig, Bohreen Hill, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.337 milliún*

Orduithe athraithe a bhain le linn snámha hidriteiripe a sholáthar, seomra fisiteiripe a athlonnú, painéil radanta agus braiteoirí $CO_2$ a shuiteáil agus giarsaí dín a thrasnú agus táillí foirne dearaidh breise, go príomha, ba chúis leis an méadú €997,000 ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**48 Iar-bhunscoil Shoird, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €5.053 milliún*

Costais a bhaineann le cóiríocht eatramhach a shuiteáil, bonneagar bóithre, lena n-áirítear athruithe ar leagan amach seomraí, pointí sonraí breise, draenáil talún bhreise agus balla clár adhmaid, go príomha, ba chúis leis an méadú €4.848 milliún ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**49 Pobalcholáiste an Náis, an Nás, Co. Chill Dara**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €644,000*

Táillí foirne dearaidh méadaithe a d'éirigh as cléireach oibreacha a áireamh don tionscadal, go príomha, ba chúis leis an méadú €256,000 ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**51 Páirc na nGrás, Scoil Náisiúnta Fhoghlaim le Chéile, Droim Conrach, BÁC 9**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €2.035 milliún*

Scoil shealadach a sholáthar/a shuiteáil ar an láithreán, lena n-áirítear cumraíocht, tógáil, ligean ar cíos, baint ó chéile an láithreáin, mar aon le hathlonnú na cóiríochta a bhí riachtanach chun carrchlós sealadach nua na scoile a thógáil, ceangail a dhéanamh le soilsiú sráide agus ceangal uisce, go príomha, ba chúis leis an méadú €1.795 milliún ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**52 Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.909 milliún*

Bhain an méadú €1.753 ar cheangaltais go príomha le horduithe athraithe maidir le dálaí talún agus fadhbanna dearaidh gan choinne. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**60 Pobalcholáiste Naomh Colmán, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €511,000*

Toradh díreach ar an gconradh seo a bheith ina chonradh um chríochnú oibreacha mar ar leachtaíodh an conraitheoir roimhe seo a bhí sa mhéadú €365,000 ar cheangaltais. I measc na gcostas breise a tháinig chun cinn bhí fadhbanna gan choinne a sainaithníodh le linn na gconarthaí agus roimh ré, agus an riosca a ghabh leis an gconraitheoir nua a bheith ag gabháil air féin an conradh seo a chomhlíonadh. Tháinig táillí foirne dearaidh breise chun cinn freisin mar gheall ar scóip an phróisis cheapacháin a fhorbairt i gcás an chonraitheora nua agus ceapadh an chonraitheora sin. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**61 Coláiste Ráth Tó, Ráth Tó, Co. na Mí**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €5.422 milliún*

Toradh díreach ar an gconradh seo a bheith ina chonradh um chríochnú oibreacha mar ar leachtaíodh an conraitheoir roimhe seo a bhí sa mhéadú €5.326 milliún ar cheangaltais. I measc na gcostas breise a tháinig chun cinn bhí fadhbanna gan choinne a sainaithníodh le linn na gconarthaí agus roimh ré, agus an riosca a ghabh leis an gconraitheoir nua a bheith ag gabháil air féin conradh seo a chomhlíonadh. Tháinig táillí foirne dearaidh breise chun cinn freisin mar gheall ar scóip an phróisis cheapacháin a fhorbairt i gcás an chonraitheora nua agus ceapadh an chonraitheora sin. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**62 Scoil Uí Mhuirí, Dún Léire, Co. Lú**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.443 milliún*

Toradh díreach ar an gconradh seo a bheith ina chonradh um chríochnú oibreacha a bhí sa mhéadú €1.367 milliún ar cheangaltais. D'eascair costais bhreise as fadhbanna a sainaithníodh le linn an chonartha um chríochnú agus roimh ré, lena n-áirítear míreanna a fágadh ar lár ón gconradh bunaidh a chur leis, agus an riosca a ghabh leis an gconraitheoir nua a bheith ag gabháil air féin an conradh seo a chomhlíonadh. Tháinig táillí foirne dearaidh breise chun cinn freisin mar gheall ar scóip an phróisis cheapacháin a fhorbairt i gcás an chonraitheora nua agus ceapadh an chonraitheora sin. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

**63 Pobalcholáiste Naomh Conleth, Droichead Nua, Co. Chill Dara**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €758,000*

Socrú ar na héilimh chuntas deiridh a cuireadh isteach maidir leis na hoibreacha sin, go príomha, ba chúis leis an méadú €677,000 ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

## Aguisín C Nóta Eolais ar Thionscadail Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPanna)

Ag deireadh 2020, bhí sé chonradh ag an Roinn chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil faoi shamhail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP). Socruithe struchtúrtha is ea CPPanna idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí ar mhaithe le tionscadail bhonneagair a sholáthar a chuirfí ar fáil, murach iad, trí shásraí traidisiúnta soláthair, agus an caiteachas gaolmhar tógála ar fad le híoc roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm Muirir Aonadaigh mhíosúil thar 25 bliana, agus bíonn an chéad Mhuirear Aonadach iníoctha a luaithe a bhíonn an tógáil críochnaithe.

Go dtí seo, ba é an tairgeoir roghnaithe a rinne tionscadail CPP oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil (DBFM).

Tá sé thionscadal scoile ann – Treoirscoileanna, agus Beartáin Scoileanna 1, 2, 3, 4 agus 5. Tá soláthar do thréimhse oibríochtúil 25 bliana i gceist i ngach ceann de na sé chonradh. Beidh na foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit ar feadh ré an chonartha, agus deonófar ceadúnas don Chuideachta CPP chun na saoráidí a thógáil agus a chothabháil ar feadh tréimhse 25 bliana.

**Na Cúig Threoirscoil CPP**

Tá na cúig iar-bhunscoil sa bheartán Treoirscoileanna CPP lonnaithe i nDún Mánmhaí agus i mBaile an Chollaigh, Co. Chorcaí, i dTobar an Choire, Co. Shligigh; i gCluain Eois, Co. Mhuineacháin, agus i Sionainn, Co. an Chláir. Rinneadh an conradh i leith na gCúig Threoirscoil CPP a shíniú le Jarvis Projects Ltd i Samhain 2001. Thosaigh tréimhse oibriúcháin na scoileanna in Eanáir 2003.

**An Chéad Bheartán Scoileanna CPP**

Conradh chun na ceithre bhunscoil iar-bhunscoile atá lonnaithe i bPort Laoise, Co. Laoise (dhá scoil) a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú; Síníodh Banagher agus Ferbane (an dá cheann i gContae Uíbh Fhailí) le Maquarie Partnerships d’Éirinn i Márta 2009. Tháinig na ceithre scoil i bhfeidhm i Meán Fómhair 2010.

**An Dara Beartán Scoileanna CPP**

Is i Meitheamh 2010 a síníodh conradh le Maquarie Partnerships for Ireland chun cúig iar-bhunscoil agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú i dTeampall Bheirchín, Co. Chill Mhantáin; i mBaile Átha Buí, Co. na Mí; i mBaile Chill Dara, Co. Chill Dara; i Mainistir na Féile, Co. Luimnigh; agus i mBeanntraí, Co. Chorcaí (dhá scoil). Thosaigh gach ceann de na scoileanna sin ag feidhmiú idir Márta agus Bealtaine 2011.

**An Tríú Beartán Scoileanna CPP**

Seacht n-iar-bhunscoil agus bunscoil amháin atá sa Tríú Beartán Scoileanna CPP. Tá siad suite i mBéal an Átha Móir, Co. Liatroma; i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall; i nGuaire, Co. Loch Garman; i nDabhach Uisce, Co. na Gaillimhe (2 scoil); i nDún Bleisce, Co. Luimnigh; i dTrá Mhór, Co. Phort Láirge; agus i mBaile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Is i Samhain 2012 a síníodh conradh le BAM PPP PGGM Infrastructure Cooperative UA chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Thosaigh gach ceann de na hocht scoil sin ag feidhmiú idir Samhain 2013 agus Bealtaine 2014.

**An Ceathrú Beartán Scoileanna CPP**

Ceithre iar-bhunscoil atá sa Cheathrú Beartán Scoileanna CPP. Tá siad suite ar an Tullach, Co. an Chláir; i Sciobairín, Co. Chorcaí; i nDún Dealgan, Co. Lú; agus i gCarraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann. Is i Nollaig 2014 a síníodh conradh le CPP BAM chun ceithre iar-bhunscoil a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Thosaigh gach ceann de na scoileanna sin ag feidhmiú idir Márta agus Bealtaine 2016.

**An Cúigiú Beartán Scoileanna CPP**

Tá ceithre iar-bhunscoil, bunscoil amháin agus coláiste breisoideachais amháin sa chúigiú Beartán CPP. Tá siad suite i gCeatharlach (scoil amháin agus Coláiste Breisoideachais amháin); igCeanannas, Co. na Mí, i mBré, Co. Chill Mhantáin (dhá scoil); agus i Loch Garman. In Iúil 2016, síníodh conradh le Inspired Spaces Bundle 5 (Ireland) Ltd. chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil. Cuireadh tús feidhme leis an tseirbhís in dhá scoil i mBré agus i gceann amháin i Loch Garman in 2018. Cuireadh tús leis an tseirbhís sa scoil i gCeanannas i Meitheamh 2019 agus bhain an scoil eile a bhí fágtha agus an institiúid breisoideachais i gCeatharlach tús seirbhíse amach in Iúl agus i Lúnasa 2019 faoi seach.

## Aguisín D Maoiniú díreach ó Vóta 26 do Bhoird Oideachais agus Oiliúna (de réir fo-mhírchinn)

Liostaítear sa tábla seo a leanas an maoiniú díreach a tugadh do Bhoird Oideachais agus Oiliúna i rith 2020 de réir fo-mhírchinn, agus suimeanna comparáideacha do 2019 tugtha.

| | | 2020<br>Suim an mhaoinithe don Bhord<br>€000 | 2019<br>Suim an mhaoinithe don Bhord<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Clár A - Oideachas chéad leibhéil, oideachas dara leibhéal agus oideachas sna luathbhlianta** | | | |
| A.3 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do bhunmhúinteoirí | 25 | 85 |
| A.5 | Deontais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna i ndáil le tuarastail mhúinteoirí na mBord | 628,141 | 727,743 |
| A.6 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do chúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | 45,227 | 40,594 |
| A.7 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do bhaill foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a chur san áireamh) | 82,434 | 78,928 |
| A.8 | Pinsin na mBord Oideachais agus Oiliúna | — | 243 |
| A.9 | Seirbhísí iompair scoile | 610 | 738 |
| A.10 | Deontais (lena n-áirítear caipitíocht) is iníoctha le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna, le Boird Oideachais agus Oiliúna agus le heagraíochtaí agus institiúidí oideachais eile | 101,873 | 83,374 |
| A.11 | Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn sna hearnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile | 380 | 382 |
| A.12 | Oideachas múinteoirí | 2,079 | 1,948 |
| A.14 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | 18,602 | 9,045 |
| A.15 | Bonneagar bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna | 169,022 | 92,250 |
| A.16 | Costais comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí | 12 | 665 |
| **Móriomlán deontais a íocadh le Boird Oideachais agus** | | **1,048,405** | **1,035,995** |